An tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe

Approved Housing Bodies Regulatory Authority

# Tuarascáil Bhliantúil

## 2021/2022

Foilsíodh í i mí Iúil 2023



An tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe

Approved Housing Bodies Regulatory Authority

# Clár Ábhair


**Réamhrá ón gCathaoirleach agus ón POF** 2

**an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (ÚRCTC)** 4

Fís, Misean, agus Luachanna 6

**Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna)** 10

**Rialálaí nua a Bhunú** 10

**Straitéis an ÚRCTC** 17

**Cuspóirí Straitéiseacha an ÚRCTC a chur i bhfeidhm** 18

1. Creat Clárúcháin atá iontaofa agus éifeachtach 19
2. Caighdeáin chomhréireacha agus creataí um chomhlíonadh 21
3. Rialachán riosca-bhunaithe atá trédhearcach agus comhsheasmhach 23
4. Cumarsáid chomhsheasmhach éifeachtach lenár bpáirtithe leasmhara 27
5. Eagraíocht lúfar, sholúbtha agus chuntasach 37

**Rialú ar ÚRCTC** 40

Bord ÚRCTC 40

Fochoistí 43

**Gnóthaí Rialála** 47

**Aguisín A – 2022 Ráitis Airgeadais** 49

# Réamhrá ón gCathaoirleach agus ón POF

Is cúis áthais dúinn an chéad Thuarascáil Bhliantúil ón Údarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (ÚRCTC) a chur os comhair an phobail agus cuntas á thabhairt inti ar an tréimhse idir Feabhra 2021 agus Nollaig 2022. Tugann an tuarascáil seo breac-chuntas ar cad a bhí ar siúl againn agus an dul chun cinn a rinne an eagraíocht le linn an chéad 23 mhí di a bheith ar an bhfód.

Maith mar a tharla do CTCanna, do thionóntaí, d'infheisteoirí ionchasacha agus do pháirtithe leasmhara eile gur cuireadh an ÚRCTC ar bun le bheith ina rialálaí reachtúil. Is bealach é rialú na hearnála chun sócmhainní tithíochta agus tionóntaí a chosaint agus réiteoidh sé an bealach d'infheistíocht phoiblí.

Tá bunú ÚRCTC níos ábhartha ná riamh ó tharla CTCanna a bheith chomh lárnach sin i soláthar tithíochta in Éirinn mar a leagtar amach i bplean 'Tithíocht do Chách' an Rialtais. Agus ról na CTCanna ag dul i méid de bharr an éilimh atá ar thithíocht shóisialta agus inacmhainne faoi láthair, ní stopfaidh próifílí priacal na CTCanna ag athrú de réir mar is gá d'eagraíochtaí brath níos mó agus níos mó ar mhaoiniú iasachtaí chun tionscadail a chur i gcrích de réir spriocanna.

Sa chéad dá bhliain de bheith ag feidhmiú, chaith ÚRCTC go leor ama i mbun struchtúir, beartais agus nósanna imeachta na heagraíochta a chur ar bun, chomh maith le creat rialachais cuí a chur i bhfeidhm. Mar gheall ar an gcor mór a chuir COVID-19 sa saol, ní raibh an dara rogha againn ach tús a chur le forbairt ÚRCTC le linn bheith ag obair go cianda. Ba dhúshlánach an timpeallacht í seo d'eagraíocht agus gan í ach tagtha ar an bhfód. Ní fhéadfaí déanamh gan díograis an bhoird agus na mball foirne ó thaobh baint amach ár gcuspóirí straitéiseacha de.

Tarraingíonn an tuarascáil seo aird ar an dul chun cinn atá déanta againn de réir na gcúig chuspóir straitéiseacha atá againn.

Le linn na tréimhse faoi chaibidil sa tuarascáil bhliantúil seo, is iomaí garsprioc tábhachtach a bhain ÚRCTC amach: d'fhoilsíomar ár straitéis, cur i gcás, agus bhain 450 CTC an chéim amach ina "meastar iad a bheith cláraithe" leis an ÚRCTC, chuireamar córas clárúcháin ar bun do CTCanna, agus chruthaíomar caighdeáin foilsitheoireachta agus creataí rialála is creataí maoirseachta.

Tá an próiseas bliantúil monatóireachta, de theagmhais infhógartha, d'údair imní, in éineacht lenár gclár measúnaithe píolótach tar éis léargais luachmhara a thabhairt don ÚRCTC

> Maidir leis an eagraíocht a bhunú agus an struchtúr rialála is gá a chur i bhfeidhm, tá dul chun cinn nach beag déanta againn ach tá neart eile fós le déanamh.

ar earnáil na CTCanna, agus ar na dúshláin agus na rioscaí a ghabhann léi. Is léir ón anailís earnálacha go bhfuil breis agus 54,000 teach cónaithe i seilbh na hearnála CTCanna mar aon le sruthanna ioncaim de thart ar €1.2bn in aghaidh na bliana, sócmhainní iomlána thart ar €7bn agus dliteanais iomlána de €5.7bn. Ina theannta sin, thuairiscigh CTCanna go rabhthas ag cloí go mór leis na caighdeáin, cé gur tharraing roinnt eagraíochtaí aird ar laigí bainteach le rialachas, bainistiú sócmhainní agus maoine, bainistiú airgeadais agus tionóntachtaí. Táthar ag súil go mbeidh ar roinnt eagraíochtaí fianaise a thabhairt agus feabhsuithe nach beag a léiriú sna réimsí seo.

Is casta agus éagsúlaithe an earnáil í earnáil na CTCanna; is léir an chastacht sin ó na samhlacha éagsúla oibriúcháin, maoinithe, foirne agus fáis atá in úsáid ag eagraíochtaí a mheastar a bheith cláraithe. Tá sé mar aidhm againn creat rialála cuí a chur i bhfeidhm uirthi i bhfianaise cé chomh casta agus atá sí.

Agus 450 eagraíocht mar chuid di, beidh gá leis an earnáil a chomhdhlúthú agus a chónascadh ag leibhéal sách mór, ar mhaithe le inbhuanaitheacht a chinntiú san fhadtéarma agus chun féachaint chuige go mbainfear an leas is fearr agus is féidir as maoiniú agus go mbainistítear tithíocht shóisialta agus inacmhainne go héifeachtach. Tá gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar aidhm agus ar spriocanna inghnóthaithe


na CTCanna le cinntiú go bhfuil beartas, maoiniú agus rialú tithíochta ag teacht le chéile mar is cuí.

Cé go ndearna an ÚRCTC an bhunobair le haghaidh rialú reachtúil in 2021/22 , anois agus sinn ag féachaint chun cinn go dtí an dara céim dár ráiteas straitéise, rachaimid i gceann ár gcláir mheasúnaithe reachtúla agus cuirfimid córais chuí ar bun maidir le neamhchomhlíonadh, idirghabháil agus forfheidhmiú. Cuirfimid meabhráin tuisceana chun cinn i gcomhar le comhlachtaí rialála eile agus déanfaimid beart nuair a aithnímid neamhchomhlíonadh suntasach in CTCanna, nó nuair a aithnímid cinn a léiríonn nach bhfuil an acmhainn ná an cumas iontu chun na caighdeáin rialála a chomhlíonadh.

Níl an ÚRCTC ach ina thús i dtaca le forbairt mar chomhlacht rialála de. Maidir leis an eagraíocht a bhunú agus an struchtúr rialála is gá a chur i bhfeidhm, tá dul chun cinn nach beag déanta againn ach tá neart eile fós le déanamh. Táimid chomh tiomanta agus a bhíomar riamh dár bpríomhpháirtithe leasmhara agus do rialú éifeachtach a chur i bhfeidhm.


Ba mhaith linn buíochas a ghabháil lenár mBord, lenár bhfoireann dhíograiseach, leis na CTCanna, leis an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, le hoifigigh na Roinne agus lenár bpáirtithe leasmhara go léir as tacú linn i gcónaí.





**Eddie Lewis,**
**Cathaoirleach**





**Susanna Lyons,**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

# An tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe



Comhlachas Tithíochta an Tuaiscirt agus an Oirthir, Radharc an Locha, Carraig Mhachaire Rois, Contae Mhuineacháin

# an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (ÚRCTC)

Bunaíodh ÚRCTC an 1 Feabhra 2021. Féachann sé le CTCanna a neartú i dtaca le rialachas, bainistiú airgeadais agus tuairisciú, bainistiú maoine agus sócmhainní, agus bainistiú tionóntachta de, agus a aird go háirithe ar chosaint a dhéanamh ar an suim mór d'airgead poiblí atá á infheistiú i CTCanna agus iad i mbun tithíocht shóisialta a sholáthar.

Tá na feidhmeanna seo a leanas aige faoin Acht (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil) Tithíochta, 2019 ("an tAcht")

- Clár CTCanna a bhunú agus a choinneáil cothrom le dáta.
- Daoine a chlárú mar CTCanna.
- Dréachtchaighdeáin a ullmhú lena bhfaomhadh ag an Aire faoi alt 37 agus na caighdeáin cheadaithe a fhoilsiú,
- Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Achta seo ag CTCanna, go háirithe leis na Caighdeáin cheadaithe,
- Fiosrúcháin a dhéanamh faoi Chuid 5.
- Tionóntaí agus CTCanna a chosaint agus clárú CTCanna a chur ar ceal, faoi Chuid 6 den Acht.
- Eolas agus comhairle a thabhairt, i cibé foirm agus i cibé slí is cuí leis an Rialálaí chun rialachas, riarachán agus bainistiú níos fearr a spreagadh agus a éascú i measc CTCanna, rialachas corparáideach agus bainistiú airgeadais ina measc.
- Aird an phobail a tharraingt ar an Acht agus cur lena thuiscint air.
- Cibé faisnéis a bhailiú maidir le CTCanna a mheasann an Rialálaí a bheith riachtanach agus iomchuí chun críocha fheidhmiú fheidhmeanna an Rialálaí.



# Fís, Misean, agus Luachanna

## Ár bhFís

Is é ár bhfís earnáil a bheith ann ina léirítear AHBnna dea-chleachtas sna réimsí rialachais, airgeadais, maoine agus bainistíochta tionóntachta agus a sholáthraíonn tithe ardchaighdeáin dá dtionóntaí.

## Ár Misean

Is é ár misean an tithíocht a sholáthraíonn agus a bhainistíonn AHBanna a chosaint, trí rialáil éifeachtach.

# Luachanna ÚRCTC

**Rachaimid i mbun gnó le hionracas**, ar mhaithe lena chinntiú go gcloímid go seasta lenár prionsabail.

Rachaimid i mbun maoirseacht rialála ar bhealach **neamhspleách cuí cothrom**

Beimid **cuntasach agus trédhearcach** le linn cinntí a dhéanamh.

Oibreoimid le páirtithe leasmhara ar bhealach **comhoibríoch**.

**Beimid ar ár ndícheall ag iarraidh nuálaíocht** a bhaint amach le linn dúinn rialacháin a chur i bhfeidhm.

# Buaicphointí

**450** CTC cláraithe a bhain an chéim amach ina meastar iad a bheith cláraithe leis an ÚRCTC

Caighdeáin do na CTCanna foilsithe

Clár do CTCanna curtha i bhfeidhm

An chéad Ráiteas Straitéise de chuid an ÚRCTC foilsithe

**6** Treoirdhoiciméid foilsithe

Creat Rialála foilsithe

**89** Teagmhais Infhógartha faighte

Chuir 387 CTC faisnéis mhonatóireachta isteach chuig an ÚRCTC

**8** n-údar imní faighte

**D'fhreastail 675** imeachtaí ar líne de chuid an ÚRCTC

Tugadh faoi chlár measúnaithe píolótach

Bhog an ÚRCTC chuig oifigí nua





An Chlúid, Cearnóg Thobar Muire, Mullach Eadrad, Baile Átha Cliath

# Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna)

Is eagraíochtaí neamhspleácha neamhbhrabúis iad CTCanna ( ar a dtugtar comhlachais tithíochta agus comhlachais tithíochta dheonacha freisin) a bhfuil sé de chúram orthu, i measc rudaí eile, tithíocht a sholáthar agus a bhainistiú do theaghlaigh a bhfuil gá acu le tithíocht. Ar an 1 Eanáir 2022, bhí 450 CTC tar éis an chéim a bhaint amach ina “meastar iad a bheith cláraithe' leis an ÚRCTC.

Tá ról lárnach ag CTCanna i seachadadh tithíochta mar a leagtar amach i bplean 'Tithíocht do Chách' an Rialtais. Tá borradh agus athrú tagtha ar sciar d'earnáil CTC le blianta beaga anuas agus béim leagtha acu ar fhiachas a bhaineann leas as fás, i gcomparáid le, samhlacha maoinithe bunaithe ar dheontais a bhíodh coitianta roimhe seo.

Bíonn an-éagsúlacht sna heagraíochtaí seo ó thaobh méide, scála, maoinithe, agus samhlacha seachadta de. Mar chuid d'earnáil tá CTCanna móra a bhfuil stoc suntasach tithíochta ina seilbh agus á mbainistiú acu, eagraíochtaí cúraim agus tacaíochta, nach bhfuil a n-aird go príomha ar thithíocht, taobh le líon mór CTCanna beaga agus micrea-CTCanna nach bhfuil ach líon beag tithe cónaithe á mbainistiú acu.

Is sa chomhthéacs seo atá an ÚRCTC i mbun creat rialála trédhearcach agus riosca-bhunaithe a chur i bhfeidhm.

Tá sé curtha de chúram ar an ÚRCTC creat rialála a sholáthar a chuirfidh ar chumas na hearnála CTC tithíocht a bhainistiú agus a chur i gcrích ar bhealach inbhuanaithe, agus a thabharfaidh dearbhuithe do thionóntaí, do bhoird CTC, d'infheisteoirí agus don Rialtas

**Bhain 450 CTC** an chéim amach ina “meastar iad a bheith cláraithe' leis an ÚRCTC.

## Rialálaí nua a Chur ar Bun

Is comhlacht neamhspleách é an ÚRCTC a bhfuil sé de chúram air CTCanna a rialú. Ó bunaíodh an ÚRCTC i mí Feabhra 2021, tá obair nach beag déanta maidir le struchtúir eagraíochtúla a chur ar bun agus cuspóirí straitéiseacha a leagadh síos dúinn féin, gan trácht ar chreat rialála a chur i bhfeidhm. Is ionann comhlacht reachtúil nua a bhunú agus athrú tábhachtach a dhéanamh ar an gcaoi ina ndéantar an Earnáil CTCanna a rialú.

Le go mbeadh rath ar athrú chomh mór leis seo, ba den thábhacht é gur tugadh cumhachtaí agus feidhmeanna an ÚRCTC isteach ar bhonn céimnithe. Bhain sé seo go príomha leis an ÚRCTC a thógáil ón mbonn aníos mar eagraíocht éifeachtach, ar bhealach a thagann lenár cuspóirí straitéiseacha.

Thar aon rud eile, thug sé am do CTCanna chun tuiscint iomlán a fháil ar na ceanglais a leagtar amach san Acht Tithíochta (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil) 2019 agus iad féin a réiteach do rialú reachtúil.



Feabhra 2021 — Tabhairt Isteach Céimnithe — Feabhra 2023

- ÚRCTC Bunaithe
- Ráiteas Straitéise
- 450 CTC Cláraithe
- Caighdeáin le haghaidh CTCanna
- Creat Rialála
- Clár Monatóireachta Bliantúil
- Measúnuithe Píolótacha

Focus Housing, Cúirt na Mainistreach, an tAonach, Contae Thiobraid Árann

# Amlíne de Theagmhais Thábhachtacha

## ÚRCTC 2021

- **Feabhra 2021** — ÚRCTC bunaithe
- **Feabhra 2021** — An 1ú chruinniú de Bhord ÚRCTC
- **Bealtaine 2021** — Seimineár gréasáin 'Buail leis an Rialálaí' faoi scáth na Comhairle um Thithíocht Shóisialta na hÉireann
- **Meitheamh 2021** — Seoladh suíomh gréasáin ÚRCTC
- **Iúil 2021** — Aistriú Foirne chuig an ÚRCTC
- **Iúil 2021** — Reáchtáladh seimineáir ghréasáin faoi rialú reachtúil
- **Deireadh Fómhair 2021** — Fáiltíonn an ÚRCTC roimh aighneachtaí faoi na Dréachtchaighdeáin
- **Deireadh Fómhair 2021** — Foilsíodh Ráiteas Straitéise an ÚRCTC

## ÚRCTC 2022

**Eanáir 2022** – Bhain 450 CTC an chéim amach ina meastar iad a bheith cláraithe

**Feabhra 2022** – Cheadaigh an tAire O'Brien na Caighdeáin le haghaidh CTCanna

**Aibreán 2022** – Foilsíodh an 1ú leagan de Chlár na CTCanna

**Bealtaine 2022** – Foilsíodh Treoir Faoi Theagmhais Infhógartha

**Iúil 2022** – Tús curtha le gach cuid den Reachtaíocht atá fágtha

**Lúnasa 2022** – Foilsíodh Treoir faoi Chaighdeáin

**Meán Fómhair 2022** – Seoladh an Clár Monatóireachta Bliantúil agus an Clár Measúnaithe Píolótach

**Meán Fómhair 2022** – Foilsíodh Creat Rialála le haghaidh na CTCanna

**Nollaig 2022** – Oifigí Rialála Nua

## Súil siar ar 2021

Ó bunaíodh sinn, tá obair nach beag déanta maidir lenár struchtúir eagraíochtúla agus rialachais a chur ar bun agus a fhorbairt.

I dtaca le rialachas a chur i bhfeidhm agus treoir straitéiseach na heagraíochta a shocrú de, bhí tábhacht as cuimse ag baint le ceapadh bhord an ÚRCTC i mí Feabhra 2021.

Le linn na chéad bhliana dúinn a bheith ar an bhfód, bhí cúig phríomhchuspóir agus fhreagracht le cur i gcrích againn, lena n-áirítear:

- An ÚRCTC a bhunú,
- struchtúr eagraíochtúil a fhorbairt,
- baill foirne a earcú agus aistriú,
- Caighdeáin a dhréachtú,
- agus an ÚRCTC a chur chun cinn i measc an phobail agus cur lena thuiscint air.

Tugtar cuntas thíos ar conas ar bhain an ÚRCTC na príomhréimsí sin amach, mar aon le hamlínte ábhartha faoi cathain a chuirfear tús leo

## ÚRCTC a Bhunú in 2021

### Feabhra – Iúil 2021

| | | |
|---|---|---|
| Na Chéad Thosaigh Feidhme – Feabhra 2021 | An ÚRCTC a bhunú | Ceapadh naonúr comhalta boird |
| Cuireadh struchtúr eagraíochtúil i bhfeidhm | Tugadh creat rialachais isteach | Clár Earcaíochta |
| Seoladh an bhrandáil agus an suíomh gréasáin | Thángthas ar chomhaontú ar leibhéal na seirbhíse leis an nGníomhaireacht Tithíochta | Dréachtaíodh Ráiteas Straitéise an ÚRCTC |

## ÚRCTC a Bhunú in 2021

| Iúil – Nollaig 2021 | | |
|---|---|---|
| An 2ú Tosach – Iúil 2021 | Caighdeáin le haghaidh CTCanna á nDréachtú | Aistríonn 13 bhall foirne ón nGníomhaireacht Tithíochta go ÚRCTC, faoi Alt 17 den Acht |
| Bunaíodh an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca | D'íoc an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an chéad ghála Maoinithe leis an ÚRCTC | Reáchtáladh grúpaí fócais i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara maidir le Dréachtchaighdeáin |
| An ÚRCTC a chur chun cinn i measc an phobail agus cur lena thuiscint air | Foilsíodh Ráiteas Straitéise an ÚRCTC, 2021-2024 | Seimineáir ghréasáin oideachasúla faoi na dréachtchaighdeáin le haghaidh na CTCanna |
| Cuireadh i bhfeidhm an Comhaontú Maoirseachta a comhaontaíodh leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta | Cuireadh tús leis an tréimhse inar fáiltíodh roimh aighneachtaí faoi na dréachtchaighdeáin | Baineadh bainistiú airgeadais ón nGníomhaireacht Tithíochta |
| Cuireadh plean luchta saothair an ÚRCTC i gcrích | Rinneadh na haighneachtaí a mheas agus glacadh isteach sna dréachtchaighdeáin iad | Cuireadh na Dréachtchaighdeáin faoi bhráid an Aire lena gceadú |

# Na Chúig Chuspóir Straitéiseacha atá againn

**1** Creat Clárúcháin CTC atá iontaofa agus éifeachtach

**2** Caighdeáin chomhréireacha agus creataí um chomhlíonadh

**3** Rialachán riosca-bhunaithe a bheidh trédhearcach agus comhsheasmhach

**4** Cumarsáid chomhsheasmhach éifeachtach lenár bpáirtithe leasmhara

**5** Eagraíocht lúfar, sholúbtha agus chuntasach

# Straitéis an ÚRCTC

Sheol an tAire Darragh O'Brien TD Ráiteas Straitéise an ÚRCTC 2021-2024 i mí Dheireadh Fómhair 2021.

Tugann an Ráiteas Straitéise breac-chuntas ar fhís, ar mhisean, ar luachanna an ÚRCTC agus ar na príomhchuspóirí atá le baint amach thar na chéad trí bliana de sinn a bheith i mbun gnó.


Cinntíonn ár Ráiteas Straitéise go bhfuil ár n-aidhm ag teacht leis na feidhmeanna agus na cumhachtaí bronnta ar an ÚRCTC ag ár reachtaíocht rialaitheach. Tá sé ag iarraidh go mbeadh an earnáil CTCanna agus an timpeallacht beartais ina mbímid ag feidhmiú le sonrú ann. Cuireann sé ár gcumas oibriúcháin agus ár n-acmhainní daonna is teicneolaíochta san áireamh chomh maith.

Tugann an chéad Ráiteas Straitéise seo spriocanna intomhaiste don ÚRCTC agus is féidir a bhaint amach don eagraíocht sna blianta tosaigh.

Tá gach gníomhaíocht a dtugann an ÚRCTC fúithi fréamhaithe go daingean inár gcuid feidhmeanna, cumhachtaí agus cuspóirí straitéiseacha mar a leagtar amach iad sa Ráiteas Straitéise 2021-2024



Seoladh Straitéis an ÚRCTC (Ó Chlé go Deas) Susanna Lyons (POF), an tAire Darragh O'Brien TD, Eddie Lewis (Cathaoirleach)






Iontaobhas Peter McVerry, Béal Átha Í, Co. Chill Dara

# Cuspóirí Straitéiseacha an ÚRCTC a chur i bhfeidhm



Iontaobhas Peter McVerry, Teach Comórtha Céad Bliain, An Ráth, Co. Chorcaí.

# 1. Creat Clárúcháin atá iontaofa agus éifeachtach

Ón 1 Eanáir 2022 i leith, tá sé de fhreagracht ar an ÚRCTC clár CTCanna a bhunú agus a choinneáil cothrom le dáta agus eagraíochtaí a chlárú mar CTCanna.


Gach eagraíocht a raibh stádas Comhlachta Tithíochta Ceadaithe acu agus a bhí liostaithe ar an gclár á choinneáil ag an Roinn Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreachta, measadh iad a bheith cláraithe leis an ÚRCTC i gcomhréir le hAlt 34 den Acht.

Measadh 450 CTC a bheith cláraithe ar an 1 Eanáir 2022. Bhí gach ceann de na 450 eagraíocht faoi réir gach gné den reachtaíocht. Tá Clár na CTCanna ar fáil go poiblí agus is féidir teacht air ar ár suíomh gréasáin.

## Clárúchán

D'fhoilsigh an ÚRCTC a bheartas clárúcháin agus d'oscail sé a chlár clárúcháin i Mí na Bealtaine 2022. Tá oscailt an chláir chlárúcháin ag teacht lenár gcéad chuspóir straitéiseach, chun deimhin a dhéanamh de go gcuirtear creat clárúcháin CTCanna iontaofa agus éifeachtach ar fáil.

Caithfidh gach CTC Measta agus iarratasóirí nua na critéir incháilitheachta a chomhlíonadh mar a leagtar amach iad in Alt 25 den Acht. I gcás iadsan a chomhlíonann na critéir incháilitheachta agus ar mian leo clárú, beidh orthu iarratas ar chlárú a chur isteach chuig an ÚRCTC. Aon uair a dheonaítear nó a dhiúltaítear clárú, bunóidh an ÚRCTC a gcinneadh ar na critéir incháilitheachta, ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach, agus ar an gcáipéisíocht tacaíochta.




## CTCanna Measta

Tá achar ama sainithe ag CTCanna ón 1 Eanáir 2022 ar aghaidh inar féidir leo iarratas a chur isteach ar chlárú. Braitheann an t-achar ama seo ar líon na dtithe cónaithe a sholáthróidh agus/nó a bhainisteoidh an eagraíocht. Leagtar amach thíos na hachair ama reachtúla do CTCanna.

## An t-Achar Ama Chun Clárú do CTCanna Measta

| Líon na dtithe cónaithe ar le CTC iad nó atá á mbainistiú nó faighte ar léas ag CTC | Amlíne[1] | Spriocdháta |
|---|---|---|
| 300 teach cónaithe nó níos mó | 2 bhliain | 31 Nollaig 2023 |
| Idir 50 agus 299 teach cónaithe | 3 bliana | 31 Nollaig 2024 |
| Níos lú ná 50 teach cónaithe | 4 bliana | 31 Nollaig 2025 |

## Iarratasóirí Nua

I gcás eagraíochtaí a chomhlíonann na critéir incháilitheachta agus ar mian leo clárú mar CTC, beidh orthu iarratas ar chlárú a chur isteach. Tugann an ÚRCTC treoir d'eagraíochtaí faoin bpróiseas clárúcháin, na critéir incháilitheachta, iarratas a chur isteach agus na ceanglais faisnéise. Agus eagraíocht á meas le fáil amach cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann sí na critéir incháilitheachta, déanann an ÚRCTC an t-iarratas a mheas agus a mheasúnú de réir cheanglais an Achta. Bíonn an cinneadh géilleadh nó diúltú do chlárú i gcomhréir leis an Acht.

## Incháilitheacht

Leagtar amach in Alt 25 den Acht na critéir incháilitheachta le haghaidh CTCanna. Is gné bhunriachtanach den chreat rialála í incháilitheacht. Is réamhriachtanas den iarratas ar chlárú é agus baineann sé le go leor gnéithe den Acht. Cuireann na critéir reachtúla de cheangal ar CTCanna ceanglais shonracha a chomhlíonadh, lena n-áirítear cineál eagraíochta, líon na stiúrthóirí, agus forálacha i mbunreachtanna eagraíochtaí.

[1] Tar éis do leasú teacht i bhfeidhm ar an 5 Iúil 2022, tugadh síneadh ama d'aon bhliain amháin ar na hachair ama a leagtar amach san Acht

## Iarratais ar Chlárú

Ní bhfuair an ÚRCTC aon iarratas go fóill ó CTCanna Measta atá ag iarraidh a gclárú a choinneáil faoi Alt 34 den Acht. Chuaigh fiche eagraíocht/duine aonair i dteagmháil leis an ÚRCTC maidir le clárú mar CTC. Tugadh eolas faoi chlárú, incháilitheacht san áireamh, do gach eagraíocht. Bhuail an ÚRCTC le go leor eagraíochtaí chun clárú, incháilitheacht agus iarratais ionchasacha ar chlárú a phlé.

Ní bhfuarthas aon iarratas foirmiúil ó eagraíochtaí ar mian leo clárú mar CTC nua.

## Saincheisteanna reachtacha bainteach le Clárú

Aithníodh saincheist theicniúil leis na critéir incháilitheachta in 2022, a raibh an baol ann go bhféadfadh sí roinnt eagraíochtaí a chur ó chlárú agus ó na critéir incháilitheachta a chomhlíonadh. D'iarr an Roinn Tithíochta Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta síneadh a chur leis na hachair ama clárúcháin mar a leagtar amach iad san Acht, rud a thug tuilleadh am dóibh obair ar an tsaincheist theicniúil agus a machnamh a dhéanamh faoi leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an reachtaíocht.

Dúirt an Roinn Tithíochta Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh acu faoi láthair ar ghnéithe incháilitheachta an Achta agus go bhfuil sé ar intinn acu roinnt leasuithe ar an reachtaíocht a thabhairt isteach in 2023. Chuir sé seo moill ar CTCanna a bhí ag iarraidh tús a chur lena gclárú a choinneáil. Táimid ag súil go mbeidh méadú mór ar líon na n-iarratas a luaithe agus a thiocfaidh na leasuithe reachtaíochta i bhfeidhm.




Oaklee Housing, Páirc Na Gréine, Tamhlacht


# 2. Caighdeáin Chomhréireacha agus Creataí um Chomhlíonadh

## Caighdeáin le haghaidh CTCanna

D'fhoilsigh an ÚRCTC na Caighdeáin le haghaidh CTCanna i mí Feabhra 2022, tar éis ceadú a fháil ón Aire. Tá ceithre Chaighdeán le haghaidh CTCanna ann agus baint acu le:

- CTCanna a rialú
- bainistiú airgeadais agus tuairisciú na CTCanna
- Bainistiú maoine agus sócmhainní na CTCanna
- bainistiú tionóntachta na CTCanna

Agus iad bunaithe ar thorthaí, tá scóip le bheith solúbtha sna caighdeáin seo agus aithníonn siad an éagsúlacht atá san earnáil CTCanna. Is bealach iad do CTCanna a gcur chuige i leith toradh áirithe a léiriú agus fianaise a thabhairt ina leith, ar bhealach a aithníonn go bhfuil spriocanna inghnóthaithe difriúla ag CTCanna éagsúla, ag brath ar na nithe is dual dóibh, cé chomh mór is tá siad agus cé chomh casta is atá na gníomhaíochtaí ar siúl acu. A bhuí leis an gcur chuige bunaithe ar thorthaí, tá sé de sholúbthacht ag na CTCanna a ngníomhartha a shocrú iad féin sa chaoi is mó a oireann do chloí leis na caighdeáin, dar leo. Cuireann sé seo san áireamh an éagsúlacht atá ann ó thaobh samhlacha agus feidhmeanna gnó de sna CTCanna éagsúla



## CAIGHDEÁN RIALACHAIS

Leagann sé síos sraith torthaí a bhfuil sé de cheangal ar CTCanna a bhaint amach i dtaca lena n-eagraíochtaí a rialú agus a bhainistiú de. Baineann sé le freagracht agus cuntasacht an bhoird Leagtar amach ann na príomhthorthaí a bhfuil sé de cheangal ar CTCanna iad a bhaint amach maidir le ballraíocht, róil agus freagrachtaí, nósanna imeachta maidir le cinnteoireacht, rialú agus maoirseacht, coimhlintí leasa, cód iompraíochta, rialú éifeachtach, cuntasacht, macántacht, ionracas agus bainistiú riosca.

## CAIGHDEÁN UM BAINISTIÚ AIRGEADAIS AGUS TUAIRISCIÚ

Leagann sé síos sraith torthaí a bhfuil sé de cheangal ar CTCanna a bhaint amach i dtaca lena n-eagraíochtaí a rialú agus a bhainistiú de. Leagann sé amach na príomhthorthaí a gceanglaítear ar CTCanna a bhaint amach i dtaca le bainistiú acmhainní agus rioscaí de fad is atá a n-aird ar inmharthanacht airgeadais a bhuanú ag an am céanna. Leagann sé amach na ceanglais maidir le rialú airgeadais agus riosca, inmharthanacht airgeadais, bainistiú airgeadais, tuairisciú airgeadais, rialachas, pleanáil straitéiseach, monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus bainistiú riosca.

## CAIGHDEÁN UM BAINISTIÚ MAOINE AGUS SÓCMHAINNÍ

Cuireann sé sraith torthaí ar bun a bhfuil sé de cheangal ar CTCanna iad a bhaint amach le linn dóibh tithíocht a bhainistiú agus a chur i gcrích, ar mhaithe lena chinntiú go gcuirtear tithíocht atá sábháilte, oiriúnach agus inbhuanaithe ar fáil do thionóntaí agus do lucht úsáidte seirbhísí. Baineann sé leis an gcaoi ina mbainistíonn CTCanna a gcuid sócmhainní tithíochta go héifeachtúil agus go héifeachtach. Tugann sé breac-chuntas ar na príomhthorthaí a bhfuil sé de cheangal ar na CTCanna iad a bhaint amach chomh fada agus a bhaineann sé le tithe cónaithe, oibleagáidí reachtúla, dlíthiúla agus comhlíontachta, cláir bhainistíochta sócmhainní a bhainistiú agus conas a dhéanann siad stoc tithíochta an CTC a bhainistiú go héifeachtach.

## CAIGHDEÁN UM BAINISTIÚ TIONÓNTACHTAÍ

Leagann sé sraith torthaí síos a bhfuil sé de cheangal ar na CTCanna iad a bhaint amach le linn dóibh tionóntachtaí a bhainistiú agus a bheith i mbun plé le tionóntaí. Baineann sé le deimhin a dhéanamh de go bhfuil beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm maidir le seirbhísí do thionóntaí a sholáthar. Tugann sé breac-chuntas ar na príomhthorthaí a bhfuil sé de cheangal ar CTCanna iad a bhaint amach maidir lena n-oibleagáidí reachtúla, dlíthiúla agus comhlíontachta, leithdháiltí, ainmniúcháin, cumarsáid le tionóntaí agus sásamh tionóntaí.

Ní ar a n-aonar atá na Caighdeáin le haghaidh CTCanna ós dlúthchuid den chreat rialála foriomlán agus de chur i bhfeidhm rialachán riosca-bhunaithe iad.

## Treoir faoi na Caighdeáin

D'fhoilsigh an ÚRCTC sraith de cheithre threoirdhoiciméad i mí Lúnasa 2022 d'fhonn tacú leis na CTCanna. Is é is aidhm leo sin cabhrú le CTCanna tuiscint níos fearr a fháil ar na Caighdeáin agus comhairle thairbheach a thabhairt maidir le conas is féidir le heagraíochtaí comhlíontacht a léiriú

Mar thaca d'fhoilsiú na treorach, reáchtáladh sraith de sheimineáir ghréasáin do CTCanna chun breis eolais a thabhairt faoi conas an treoir a chur i bhfeidhm agus le go mbeadh na CTCanna in ann soiléiriú a lorg ar ghnéithe ar leith den caighdeáin.

# 3. Rialachán riosca-bhunaithe a bheidh trédhearcach agus comhsheasmhach

## Creat Rialála

D'fhoilsigh ÚRCTC an Creat Rialála le haghaidh Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) i mí Mheán Fómhair 2022.




Leagann sé amach an creat a bhfuil CTCanna faoina réir chomh maith le breac-chuntas a thabhairt ar ár gcur chuige riosca-bhunaithe i leith an earnáil a rialú. Agus rialú riosca-bhunaithe á chur i bhfeidhm againn, is féidir talamh slán a dhéanamh de go bhfuil ár gcur chuige cuí, tomhaiste, agus comhréireach. A bhuí leis táimid in ann díriú ar rioscaí tábhachtacha agus leibhéil éagsúla de phlé a dhéanamh le CTCanna aonair, ag brath ar a bpróifíl riosca.

Tá an creat rialála trí chéile ag teacht lenár gcuspóirí straitéiseacha, lena n-áirítear caighdeáin agus creat / creataí um chomhlíonadh a bheith againn atá comhréireach agus féachann sé lena chinntiú go dtéitear i mbun rialú ar bhealach trédhearcach comhsheasmhach riosca-bhunaithe.

Leagann an Creat Rialála amach an réimse bealaí ina dtéann an ÚRCTC i mbun a chuid oibre:

- Trí bhíthin ár gclár monatóireachta bliantúil, baileoimid faisnéis agus sonraí faoi CTCanna cláraithe.
- Bainimid leas as ár gclár (cláir) measúnaithe chun comhlíontacht CTCanna i leith Caighdeáin cheadaithe a mheas.
- Foilseoimid eolas ábhartha faoi CTCanna, de réir mar is cuí.
- Cuirimid oideachas agus treoir in oiriúint do CTCanna in aon réimse atá ár gcláir mhonatóireachta agus mheasúnaithe tar éis a thabhairt faoi deara go bhfuil bearna ann.
- Déanfaimid idirghabháil agus gníomhaímid nuair is gá.

Tá clárú CTCanna mar chuid den Chreat Rialála, mar aon leis na caighdeáin do CTCanna, monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht, oideachas agus treoir, an tAcht a chur chun cinn agus cur le tuiscint an phobail air, agus faisnéis a bhailiú agus a fhoilsiú, de réir mar is cuí. Lena chois sin, is iomaí gné thábhachtach atá mar chuid den chreat, lena n-áirítear monatóireacht, measúnuithe réamhbheartaithe agus frithghníomhacha a dhéanamh, gan trácht ar údair imní, teagmhais infhógartha, agus caidrimh le comhlachtaí reachtúla agus rialála eile.

## Monatóireacht ar CTCanna

Tar éis tús a chur leis an gcuid eile dá chumhachtaí agus dá fheidhmeanna i mí Iúil 2022, thug an ÚRCTC a chéad chlár monatóireachta bliantúil isteach i Meán Fómhair 2022, clár inar iarradh ar gach CTC réimse leathan sonraí faisnéise agus feidhmíochta a thabhairt faoi cad a bhí ar siúl ag a n-eagraíocht.

Is feidhm thábhachtach den ÚRCTC é an clár monatóireachta bliantúil ós rud é go mbainimid leas as an bhfaisnéis a chuireann na CTCanna ar fáil chun:

- bonn eolais a chur faoi chláir réamhbheartaithe amach anseo
- réimsí riosca agus treochtaí comhchoiteanna a shainaithint ar fud na hearnála
- oideachas agus treoir a chur in oiriúint do riachtanais na CTCanna, bunaithe ar na rioscaí a sainaithníodh
- anailís earnálacha a fhoilsiú go bliantúil

Ghabh lámhleabhar treorach leis an gclár monatóireachta, agus reáchtáil an ÚRCTC sraith de sheimineáir ghréasáin le bheith mar thaca do CTCanna agus a gcuid faisnéise monatóireachta don bhliain á cur isteach acu.

D'fhoilsigh an ÚRCTC a chéad Thuarascáil bhliantúil ar Anailís Earnálacha i mí na Bealtaine 2023 agus í bunaithe ar 387 CTC a chuir a gcuid faisnéise monatóireachta bliantúla faoinár mbráid, rud arb ionann é agus ráta freagartha de 87%. Is ar bhonn féintuairiscithe agus treoch amháin atá an clár monatóireacht bliantúil. Is faoi na CTCanna iad féin a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis a chuireann siad isteach cruinn.

Thug ár gcéad chlár monatóireachta bliantúil léargas fiúntach dúinn ar an earnáil CTCanna, agus eolas á thabhairt aige ar chineálacha CTC, ar líon na dtithe cónaithe, ar mhúnlaí oibriúcháin agus ar mhaoiniú. Chuir na CTCanna faisnéis thábhachtach isteach faoina bpleananna maidir le fás amach anseo agus conas a dhéanfar an fás sin a mhaoiniú. Thug an clár monatóireachta bliantúil léargas freisin ar shócmhainní, dliteanais, sruthanna ioncaim, soláthar foirne agus oibrithe deonacha na CTCanna. Ar mhaithe le bonn eolais a chur faoinár gcláir mhaoirseachta rialála, iarradh ar CTCanna faisnéis a thabhairt faoina n-eagraíocht i réimsí amhail bainistiú tionóntachta, bainistiú maoine agus sócmhainní, bainistiú airgeadais agus tuairisciú, agus rialachas.

## Measúnú

I gcomhréir le hAlt 38 den Acht, féadann an ÚRCTC, chun críocha monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíontacht CTC i leith na gCaighdeán, measúnú a dhéanamh ar

chomhlíontacht CTC. Seolfaidh an ÚRCTC an clár measúnaithe réamhbheartaithe i samhradh 2023, tar don chlár measúnaithe píolótach a thabhairt chun críche agus torthaí a fháil uaidh.

Beidh an clár measúnaithe réamhbheartaithe comhréireach, riosca-bhunaithe agus, mar chuid den mheasúnú, cuirtear san áireamh tosca amhail méid, castacht, agus próifíl riosca na CTCanna éagsúla. Ina theannta sin, seans go gcuirfidh an ÚRCTC CTCanna faoi mheasúnú bunaithe ar sampláil randamach. Tabharfar faoin gclár measúnaithe réamhbheartaithe ar bhonn leanúnach i gcaitheamh na bliana. Féadann an ÚRCTC measúnú a dhéanamh ar CTC ar bith am ar bith, de réir mar is cuí leis.

## Measúnú Píolótach

Seoladh clár measúnaithe píolótach i mí na Samhna 2022 agus ba chéim thábhachtach san aistear é chun creat measúnaithe foriomlán dár gcuid féin a fhorbairt. Ba dheis é don ÚRCTC éifeachtúlacht ár mbeartais agus nósanna imeachta inmheánacha a thástáil agus a mheas agus do na CTCanna sin páirteach ann aiseolas agus tuairimí a thabhairt maidir leis an bpróiseas measúnaithe.

Tugadh cuireadh do roinnt CTCanna páirt a ghlacadh sa chlár píolótach. Ba mheascán de na cineálacha éagsúla d'eagraíochtaí san earnáil. Chuireamar roinnt CTCanna isteach nach raibh aon phlé acu leis an ÚRCTC roimhe seo.

Tháinig deireadh leis an gclár píolótach i mí Aibreáin 2023 tar éis cruinnithe a reáchtáil le gach CTC a ghlac páirt ann. Tugann an clár measúnaithe píolótach léargas agus aiseolas tairbheach dúinn ar bheartais agus ar nósanna imeachta agus d'fhóin na nithe a foghlaimíodh go hinmheánach go mór dúinn ó thaobh ár gcur chuige a thabhairt chun críche i leith clár measúnaithe a reáchtáil go bliantúil. Táimid an-bhuíoch do na heagraíochtaí sin a ghlac páirt sa chlár píolótach agus a chuir am i leataobh chun bheith páirteach sa phróiseas.

Tá sé beartaithe againn ár gclár measúnaithe reachtúil a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach le linn shamhradh 2023.

## Teagmhais Infhógartha

Tá sé de cheangal ar gach CTC an ÚRCTC a chur ar an eolas faoi aon athrú nó teagmhas a tharlaíonn a d'fhéadfadh cur isteach ar an eagraíocht ar bhealach tromchúiseach nó suntasach.

Cuireann Alt 55 den Acht de cheangal ar CTC fógra i scríbhinn a thabhairt don ÚRCTC faoi aon ábhar a mbeifí ag súil le réasún go bhféadfadh sé cobhsaíocht, éifeachtúlacht, oibríochtaí agus ar inmharthanacht ghinearálta an CTC a chur i mbaol nó míchlú a tharraingt air nó difear a dhéanamh dá stádas mar CTC, roimh don teagmhas titim amach nó a luaithe is féidir ina dhiaidh. Tugtar Imeachtaí Infhógartha orthu seo.

D'fhoilsíomar Treoir Faoi Imeachtaí Infhógartha i mí na Bealtaine 2022.




Déanann an ÚRCTC athbhreithniú agus measúnú go gníomhach ar fhaisnéis a fhaightear trí bhíthin teagmhais Infhógartha. Glacaimid cur chuige riosca-bhunaithe agus comhréireach chugainn féin i leith cúrsaí a chíoradh agus teacht ar fhreagairt rialála chuí i leith na gcúinsí ar leith a tháinig chun cinn. I go leor cásanna, gach seans go mbeimid sásta go bhfuil straitéis nó plean gníomhaithe cuí curtha i bhfeidhm ag an CTC, agus ní bheidh gá le haon soiléiriú eile. Lena chois sin, seans go n-iarrfaimis dearbhuithe nó go dtabharfaí faoi bheart rialála éigin, más dóigh linn gur cuí sin.

Fuair an ÚRCTC 89 Teagmhas Infhógartha san iomlán in 2022 thar iliomad réimsí.

Baineann an Teagmhas Infhógartha is coitianta le sócmhainní tithíochta a aistriú chuig CTCanna eile, agus ba mhinic freisin a bhain sé le heagraíochtaí ag cur an ÚRCTC ar an eolas faoi athruithe ar rialachas agus/nó ar phearsanra. Lena chois sin, fuaireamar fógraí Sláinte & Sábháilteachta le torthaí a chur in iúl dúinn gur tugadh fabhtanna struchtúracha nó sábháilteachta dóiteáin faoi deara.

Tá achoimre iomlán ar theagmhais infhógartha le fáil sa chairt ar an leathanach thall.


Dúnadh formhór na dteagmhas infhógartha, ó tharla nach raibh aon ghníomh eile de dhíth, nó go raibh sé curtha faoi mhonatóireacht. Deirtear go bhfuil Teagmhas Infhógartha faoi mhonatóireacht sa chás nach bhfuil an teagmhas nó gníomh bainteach leis tugtha chun críche go fóill. Mar shampla, is iondúil go mbíonn cuid mhaith ama ag teastáil chun aistrithe sócmhainní a chur i gcrích. Sna cásanna seo, leanann an ÚRCTC de mhonatóireacht a dhéanamh ar an teagmhas agus lorgaíonn sé nuashonruithe rialta ar dhul chun cinn ón CTC.

I bhformhór na dTeagmhas Infhógartha, d'iarr an ÚRCTC faisnéis agus dearbhú breise ar na CTCanna maidir le teagmhais shuntasacha. I go leor cásanna, sholáthair na CTCanna dearbhuithe cuí go ndearna siad measúnú cuí ar an teagmhas agus go raibh plean gníomhaithe i bhfeidhm acu chun é a bhainistiú.

Foilsítear achoimre ar Theagmhais Infhógartha a fuarthas ar shuíomh gréasáin an ÚRCTC ar bhonn ráithiúil.

Is léir le himeacht aimsire gur uirlis luachmhar é an clár Teagmhas Infhógartha agus tá faisnéis thábhachtach faighte ag an ÚRCTC ó CTCanna maidir leis seo. Tá sé mar bhunchloch dár maoirseacht rialála fhoriomlán, agus cuireann sé bonn eolais faoinár gclár measúnuithe, agus faoi ghníomhartha rialála eile.

## Cineálacha Teagmhas Infhógartha 2022



## Údair Imní

Tá próiseas d'Údáir Imní i bhfeidhm ag an ÚRCTC mar chuid dá chlár monatóireachta. Is iad údair imní ann ná ábhair a thagann chun cinn a d'fhéadfadh a bheith ina chomhartha de laigí nó d'fhadhbanna bainteach le rialachas, bainistiú airgeadais, bainistiú maoine nó bainistiú tionóntaí CTC, nó de bhealach eile b'fhéidir nach bhfuiltear ag cloí leis an Acht. Tá cead ag duine ar bith údar imní a tharraingt anuas leis an ÚRCTC faoi CTC, lena n-áirítear comhaltaí boird CTC, fostaithe nó oibrithe deonacha, daoine den phobal, tionóntaí, tríú páirtithe, ionadaithe poiblí, comhlachtaí maoinithe nó údaráis eile.

Sa chás go dtarraingítear ábhar anuas leis an ÚRCTC, is é an chloch is mó ar ár bpaidrín ná an bhfuil neamhchomhlíonadh leis an Acht i gceist (leis na Caighdeáin le haghaidh CTCanna san áireamh). Cuirtear gach ábhar a tharraingítear anuas faoi phróiseas scagtha le fáil amach an dtagann sé faoi raon feidhme an ÚRCTC. I gcásanna ina mbeadh sé níos cuí dá bpléifeadh comhlacht eile leis, an CTC é féin nó rialálaí eile, cuirfimid an duine a tharraing anuas an t-údar imní ar aghaidh chuig an gcomhlacht cuí.

Sa chás go dtagann na hábhair faoinár raon feidhme rialála, déanaimid measúnú agus anailís riosca chun teacht ar an bhfreagairt rialála chuí. Nuair is gá, iarrfaimid breis eolais ar an duine a tharraing anuas an t-údar imní agus/nó ar an CTC chun teacht ar an bhfreagairt rialála chuí.

Fuair an ÚRCTC 8 n-údar imní san iomlán in 2022.

Bhain siad seo le hábhair éagsúla, lena n-áirítear tuairiscí ar rialachas easnamhach, teip ó thaobh caidrimh le tríú páirtí a bhainistiú i gceart, athruithe míchuí ar bhunreachtanna agus gan próiseas gearán soiléir agus trédhearcach a bheith i bhfeidhm.

Cuirimid an phróis chuí i bhfeidhm ar na húdair imní a fhaighimid agus caithimid ár ndúthracht leo agus, sa chás go gcinntear go bhfuil gá le breis eolais agus dearbhaithe, iarraimid é sin ar na páirtithe cuí. Sa chás go bhfuil údair imní lasmuigh de dhlínse an ÚRCTC nó má tá siad gan bhunús, dúnfar iad, agus cuirfear na páirtithe ar an eolas faoi sin. Ar deireadh, féadfar údair imní a atreorú le haghaidh gníomh reachtúil eile. Tá an clár d'údair imní mar dhlúthchuid dár maoirseacht rialála fhoriomlán, agus baintear úsáid as chun bonn eolais a chur faoinár gclár measúnuithe, agus faoi ghníomhartha rialála eile.



Tuath Housing, Gairdíní Hamilton, Baile Átha Cliath 7

# 4. Cumarsáid chomhsheasmhach éifeachtach lenár bpáirtithe leasmhara

## Anailís Earnálacha

D'fhoilsigh an ÚRCTC a chéad Anailís Earnálacha riamh i mí na Bealtaine 2023. Tugann sé seo forbhreathnú cuimsitheach ar an earnáil CTCanna, lena n-áirítear líon na dteach cónaithe, cá bhfuil siad suite, soláthar foirne, sonraí airgeadais, fás réamh-mheasta agus sásraí maoinithe. Lena chois sin, tugann sé léargas ar bhainistiú réadmhaoine agus sócmhainní CTC, bainistiú tionóntachta, rialachas, agus bainistiú agus tuairisciú airgeadais.


Tá an tuarascáil bunaithe ar an 387 CTC a chuir a gcuid faisnéise isteach chuig an ÚRCTC. Cuirtear roinnt ábhar is díol suntais iad san áireamh thíos. Tá an tuarascáil iomlán le fáil ar ár suíomh gréasáin.

## Catagóiriú na CTCanna

Agus é ina uirlis rialála thábhachtach dó, baineann an ÚRCTC úsáid as catagóiriú, ós rud é gur féidir soiléiriú níos fearr a fháil leis faoi na cineálacha eagraíochtaí atá ann, agus na samhlacha oibriúcháin agus cistithe atá ann laistigh den earnáil CTCanna.

Rinne an ÚRCTC CTCanna a chatagóiriú de réir na gcúig phríomhréimse seo a leanas, bunaithe ar pé méid, maoiniú agus samhail oibriúcháin a bhí acu. Tá an miondealú seo an-fhóinteach dúinn chomh fada agus a bhaineann sé le comhréireacht a chur i bhfeidhm ar fud na hearnála.

| Catagóir CTC | Catagóiriú | Líon na CTCanna |
|---|---|---|
| Micrea | Níos lú ná 20 teach cónaithe | 124 |
| Beag | Idir 20 agus 100 teach cónaithe | 94 |
| Meánmhéide | Idir 100 agus 1,000 teach cónaithe | 24 |
| Mór | 1,000 teach cónaithe nó níos mó | 8 |
| Cúram agus Tacaíocht | Níos lú ná 1,000 teach cónaithe agus ceann amháin de na critéir seo a leanas i gceist<br><br>Tagann breis agus 50% den teacht isteach ó FSS agus/nó Tusla<br>Breis agus 200 Coibhéis Fostaí Lánaimseartha<br>Tá an t-ioncam in aghaidh an tí chónaithe níos mó ná €20,000<br>Níl aon teach cónaithe ann ach tá ioncam | 137 |
| **Iomlán** | | **387** |



## Tithe Cónaithe CTC

Le sonrú sa tábla thíos tá miondealú ar na háitribh atá i seilbh daoine, faoi bhainistiú agus faighte ar léas ag gach catagóir de CTC. Amhail mí Mheán Fómhair 2022, is é 54,196 líon iomlán na dtithe cónaithe a thuairiscigh CTCanna.


| Líon iomlán na dtithe cónaithe 2022 | I Seilbh | Faighte ar Léas | Faoi Bhainistiú | Iomlán | % |
|---|---|---|---|---|---|
| Mór | 27,295 | 2,512 | 6,257 | 36,064 | 67% |
| Cúram agus Tacaíocht | 5,808 | 884 | 711 | 7,403 | 14% |
| Meánmhéide | 5,011 | 764 | 583 | 6,358 | 12% |
| Beag | 2,883 | 287 | 77 | 3,247 | 6% |
| Micrea | 1,057 | 32 | 35 | 1,124 | 2% |
| **Móriomlán** | **42,054** | **4,479** | **7,663** | **54,196** | |

## Fáis Réamh-Mheasta

Léirigh an tuarascáil Anailíse Earnálacha an fás atá tuartha do CTCanna thar thréimhse 3 bliana (2022 -2024).

Tá na 8 CTC is mó san earnáil ag tuar go dtiocfaidh fás de 15,045 teach cónaithe orthu le linn na tréimhse 2022-2024, rud arb ionann é agus 78% den fhás iomlán atá á thuar. Tá an 22% (4,211) eile dáilte thar chúram agus tacaíocht, CTCanna beaga agus meánmhéide. Thuar líon beag de CTCanna go dtiocfaidh laghdú ar a gcuid tithe cónaithe mar gheall ar chumaisc agus ar aistrithe stoic.

| Fáis Réamh-Mheasta | 2022 | 2023 | 2024 | Iomlán | % |
|---|---|---|---|---|---|
| Mór | 4,476 | 5,177 | 5,392 | 15,045 | 78% |
| Cúram agus Tacaíocht | 834 | 526 | 708 | 2,068 | 11% |
| Meánmhéide | 222 | 616 | 432 | 1,270 | 7% |
| Beag | 275 | 206 | 400 | 881 | 5% |
| Micrea | -62 | 20 | 34 | -8 | 0% |
| **Méideanna Iomlána** | **5,745** | **6,545** | **6,966** | **19,256** | |



## Sócmhainní agus Dliteanais [2]

Léiríonn an anailís chomhdhlúite earnáil a bhfuil sócmhainní seasta de thart ar €7 billiún inti san iomlán. Is le CTCanna móra 70% de na sócmhainní seo.

Thuairiscigh CTCanna dliteanais iomlána de thart ar €5.7 billiún agus maoiniú iasachtaí (63%)de €3.6 billiún mar chuid de seo. Maidir le dliteanais eile, deontais chaipitiúla rialtais agus dliteanais eile san áireamh, táid siad dáilte go cothrom ar fud na gcatagóirí eile.

| Catagóir | Sócmhainní Seasta (€m) | % | Maoiniú Iasachtaí (€m) | Deontais (€m) | Dliteanais eile (€m) | Iomlán (€m) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Mór | 4,856 | 70% | 3,364 | 815 | 365 | 4,544 |
| Cúram agus Tacaíocht | 1,110 | 16% | 39 | 237 | 132 | 407 |
| Meánmhéide | 645 | 9% | 174 | 286 | 68 | 528 |
| Beag | 280 | 4% | 22 | 126 | 19 | 167 |
| Micrea | 82 | 1% | 6 | 31 | 9 | 46 |
| **Méideanna Iomlána** | **6,973** | **100%** | **3,604** | **1,495** | **592** | **5,692** |







[2] Slánú Suas: Slánaíodh roinnt uimhreacha sa tuarascáil seo suas nó síos. Seans go mbeidh neamhréireachtaí ann mar sin idir na hiomláin iarbhír de na méideanna aonair sna táblaí agus na méideanna iomlána a léirítear

## Ioncam na hEarnála

Thuairiscigh na CTCanna ioncam bliantúil de €1.7 billiún.

Tugann an anailís sonraí léargas ar chastacht na hearnála CTCanna, ó tharla gur eagraíochtaí cúraim agus tacaíochta 75% den dream a thuairiscigh ioncam. Tá na heagraíochtaí seo taobh thiar de bheagnach € 1.3 billiún d'ioncam, ioncam ar deontais ioncaim é den chuid is mó, dar leo. Tuairiscíonn na heagraíochtaí seo nach mbaineann ach 4% dá n-ioncam le tithíocht.

| Cineál Ioncaim | Mór (€m) | Cúram agus Tacaíocht (€m) | Meánmhéide (€m) | Beag (€m) | Micrea (€m) | Iomlán (€m) | % |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Bainteach le tithíocht | 262 | 56 | 40 | 13 | 5 | 376 | 22% |
| Deontais ioncaim | 7 | 941 | 13 | 4 | 1 | 964 | 56% |
| Ioncam eile nach mbaineann le tithíocht | 3 | 84 | 3 | 2 | 0 | 92 | 5% |
| Tiomsú Airgid | 2 | 115 | 2 | 2 | 0 | 121 | 7% |
| Amúchadh | 50 | 13 | 12 | 5 | 1 | 81 | 5% |
| Ioncam Eile | 3 | 67 | 3 | 2 | 1 | 75 | 4% |
| **Ioncam Iomlán** | **326** | **1,276** | **72** | **25** | **8** | **1,707** | |

# Maoirseacht Rialála

Chuir an clár monatóireachta bliantúil d'iallach ar gach CTC faisnéis a sholáthar ar neart réimsí a bhaineann le rialachas, bainistiú maoine agus sócmhainní, bainistiú tionóntachta agus bainistiú agus tuairisciú airgeadais. Bhí ceisteanna a bhaineann leis na Caighdeáin do CTCanna mar chuid de seo.

Chuir CTCanna leibhéal measctha dearbhaithe ar fáil i dtaca le gach réimse. Léirítear san anailís go bhfuil ualach oibre le déanamh ag catagóirí áirithe CTCanna chun gur féidir leo a léiriú go gcomhlíonann siad na Caighdeáin do CTCanna.

Is féidir miondealú iomlán ar na torthaí a fháil san Anailís Earnála Bhliantúil atá ar fáil ar ár suíomh gréasáin.

# Cumarsáid agus plé le páirtithe leasmhara

Tá an ÚRCTC tiomanta do chumarsáid den scoth agus caidrimh chomhair a chothú le príomhpháirtithe leasmhara. Ag teacht lenár gcuspóir straitéiseach chun cumarsáid chomhsheasmhach agus éifeachtach a chinntiú, d'fhorbraíomar an méid seo a leanas:

Is feidhm thábhachtach den ÚRCTC an tAcht a chur chun cinn agus cur le tuiscint an phobail air. Tá sé seo déanta go comhsheasmhach againn le fiche mí anuas, lena n-áirítear:

- Suíomh gréasáin an ÚRCTC a sheoladh,
- sraith de sheimineáir ghréasáin a óstáil do CTCanna chun iad a chur ar an eolas faoi ról agus faoi fheidhmeanna an ÚRCTC,
- Ráiteas Straitéiseach a fhoilsiú,
- grúpaí oibre i gcomhar le páirtithe leasmhara agus rialálaithe eile,
- cáipéis Ceisteanna Coitianta a fhoilsiú le gur féidir le CTCanna eolas níos fearr a chur ar an Acht, agus
- d'fhreastalaíomar ar imeachtaí comhdhála/ar sheimineáir ghréasáin chun ról an ÚRCTC a chur chun cinn.


Leanann an ÚRCTC air i mbun a gcumarsáid le páirtithe leasmhara, rialálaithe agus le gníomhaireachtaí rialtais a fheabhsú. Tá sé ag gabháil do shocruithe oibre a fhorbairt le rialálaithe eile, lena n-áirítear meabhráin tuisceana a fhorbairt leo. Leanfaidh an ÚRCTC d'eolas agus sonraí trédhearcacha agus inrochtana a fhoilsiú faoin earnáil CTCanna.

Léirítear thíos cuid de bhuaicphointí obair an ÚRCTC i dtaca le cumarsáid agus plé le páirtithe leasmhara.

## Príomhpháirtithe leasmhara de chuid an ÚRCTC

Tarraingíonn an tuarascáil Anailíse Earnálacha aird ar chastacht na hearnála, ar an éagsúlacht atá i measc CTCanna ó thaobh cineáil agus méide de agus, ar na samhlacha seachadta éagsúla, ar na struchtúir mhaoinithe agus ar phróifílí riosca.
Tá an ÚRCTC tar éis dul isteach i dtimpeallacht rialála atá ilghnéitheach i dteannta roinnt rialálaithe, maoinitheoirí agus gníomhaireachtaí maoirseachta.

I measc ár bpáirtithe leasmhara mar sin tá ranna rialtais, údaráis áitiúla, eagraíochtaí tathanta, maoinitheoirí rialtais, maoinitheoirí príobháideacha, tionóntaí, comhaltaí boird, comhlachtaí poiblí, agus údaráis rialála Mar an gcéanna, is ilghnéitheach agus solúbtha ár gcur chuige i leith páirtithe leasmhara agus ár bplé leo.




PRÍOMHPHÁIRTITHE LEASMHARA
CTCanna
An Comhaontas Tithíochta
Tionóntaí
DHLGH
Údaráis Áitiúla
An Ghníomhaireacht Tithíochta
Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta
An Rialálaí Carthanas
An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe
Iasachtóirí airgid
An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe
FSS

# Foilseacháin agus Cumarsáid – Garspriocanna

**Feabhra 2021**
Bunaíodh ÚRCTC agus ceapadh na comhaltaí Boird

**Aibreán 2021**
Cur Chun Cinn & Feasacht maidir le ÚRCTC & rialáil reachtúil

**Bealtaine 2021**
Seoladh suíomh gréasáin ÚRCTC

**Iúil 2021**
Cuireadh tús le 'Caighdeáin do CTCanna a dhréachtú'

**Deireadh Fómhair 2021**
Sheol an tAire Ráiteas Straitéise ÚRCTC, 2021-2024

Reáchtáil ÚRCTC seimineáir ghréasáin do CCTanna faoi fhoilsiú dréachtchaighdeáin do CCTanna

**Eanáir 2022**
CTCanna a 'mheastar a bheith cláraithe' le ÚRCTC curtha in iúl

**Feabhra 2022**
Foilsíonn ÚRCTC na 'Caighdeáin do CTCanna' arna bhfaomhadh ag an Aire

Eisíodh Iarratas ar Eolas chuig na CTCanna ar fad a 'Mheastar a bheith cláraithe'

**Aibreán 2022**
Foilsíonn ÚRCTC an chéad cheann dá Nuachtlitreacha Ráithiúla chuig an earnáil CTC

**Bealtaine 2022**
Foilsíodh Clár & Beartas Clárúcháin do CTCanna

**Meitheamh 2022**
Foilsíodh treoir maidir leis an gcur chuige i leith Teagmhais Infhógartha

Reáchtáladh seimineáir ghréasáin oideachasúla do CTCanna

**Lúnasa 2022**
Foilsíodh treoir maidir le Caighdeáin do CTCanna a

**Meán Fómhair 2022**
Foilsíodh Creat Rialála do CTCanna in Éirinn

Seoladh an Clár Monatóireachta Bliantúil agus reáchtáladh seimineáir ghréasáin oideachasúla do CTCanna maidir le measúnú ar bhonn píolótach

## Grúpaí Fócais & Seimineáir Ghréasáin Oideachasúla

Ba chuid thábhachtach d'obair ÚRCTC treoir agus oideachas a chur ar fáil don earnáil le linn 2021 agus 2022. D'óstáil ÚRCTC sraith de ghrúpaí fócais agus de sheimineáir ghréasáin oideachasúla do bheagnach 700 duine (ar fad) a d'fhreastail orthu le linn na tréimhse seo. Bhí príomhpháirtithe leasmhara éagsúla i measc na rannpháirtithe, lena n-áirítear CTCanna. údaráis áitiúla, rialálaithe, FSS, oifigigh na roinne, comhlachtaí poiblí.

**Reáchtáladh grúpaí fócais do CTCanna maidir le dréachtchaighdeáin.**
7 Seisiún, 105 Duine páirteach, as 46 CTC


**Reáchtáladh grúpaí fócais do phríomhpháirtithe leasmhara de chuid CTCanna, lena n-áirítear;** an Rialálaí Carthanas, An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe, FSS, údaráis áitiúla, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, an Ghníomhaireacht Tithíochta

**Seimineáir Ghréasáin Oideachasúla – Dréachtchaighdeáin**
6 Sheisiún, 220 Duine páirteach, as 95 CTC

**Seimineáir Ghréasáin faoi Theagmhais Infhógartha** 2 Sheisiún, 141 Duine páirteach, as 109 CTC

**Seimineáir Ghréasáin faoi Mhonatóireacht**
4 Sheisiún, 162 Duine páirteach, as 107 CTC

**Measúnú ar bhonn Píolótach**
2 Sheisiún, 47 Duine páirteach, as 13 CTC



Steven Sheridan, Ceannasaí Feidhmíochta agus Cumarsáide, agus cur i láthair á dhéanamh aige ag an gComhdháil Dhébhliantúil Airgeadais de chuid ICSH (Deireadh Fómhair 2022)

## Ócáidí

D'fhreastail ÚRCTC ar ócáidí fíorúla agus ar ócáidí ar an láthair le linn 2021 agus 2022 agus reáchtáil siad ócáidí den saghas céanna chomh maith. I measc cuid de na hócáidí sin bhí na seimineáir ghréasáin 'Buail leis an Rialálaí' a reáchtáil Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta (ICSH), cruinnithe réigiúnacha de chuid ICSH, Comhdháil na gCleachtóirí Tithíochta in 2021 agus 2022 araon, agus an Chomhdháil Airgeadais agus Forbartha de chuid ICSH. Bhain tábhacht ar leith leis na hócáidí ar an láthair d'ionadaithe ÚRCTC óir ba dheis é bualadh aghaidh ar aghaidh le príomhpháirtithe leasmhara den chéad uair, chun fís, cuspóirí agus creat rialála ÚRCTC a chur i láthair agus chun aiseolas a fháil ó phríomhpháirtithe leasmhara.  Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le ICSH, leis an nGníomhaireacht Tithíochta, le Cumann Bainistithe Contae agus Cathrach agus leis na páirtithe leasmhara eile a thug cuireadh do ÚRCTC chuig a gcomhdhálacha lena chinntiú go gcloistear an teachtaireacht rialála go forleathan ar fud na hearnála.




Bhuail an tAire O'Brien TD isteach chuig seastán ÚRCTC ag Comhdháil na gCleachtóirí Tithíochta (2022) i Mullach Íde



Foireann ÚRCTC ag Comhdháil de chuid Cleachtóirí Tithíochta i Luimneach le déanaí.

## Bealaí Cumarsáide

Is é ár suíomh gréasáin an phríomhfhoinse eolais do CTCanna agus dár bpáirtithe leasmhara. Tá eolas agus treoir úsáideach ar fáil air faoi gach gné de ról agus d'fheidhmeanna ÚRCTC. Baineann foireann na hearnála agus príomhpháirtithe leasmhara úsáid ghníomhach as an suíomh gréasáin. Déantar ár suíomh gréasáin a nuashonrú ar bhonn rialta mar chuid dár dtiomantas d'eolas agus sonraí trédhearcacha inrochtana a chur ar fáil faoin earnáil, agus molaimid do pháirtithe leasmhara an uirlis thábhachtach eolais seo a úsáid. Bíonn ÚRCTC gníomhach ar na meáin shóisialta chomh maith, agus is iad LinkedIn agus Twitter a úsáideann siad, go príomha.

Cuireann ÚRCTC nuachtlitreacha amach chuig an earnáil ar bhonn ráithiúil. Cuireann na nuachtlitreacha seo CTCanna agus príomhpháirtithe leasmhara ar an eolas faoina bhfuil ag tarlú in ÚRCTC agus faoin dul chun cinn sa timpeallacht rialála nua, faoi fhoilseacháin agus faoi threoir.

Chomh maith leis sin, foilsímid ailt go rialta i bhfoilseacháin éagsúla lena n-áirítear Cornerstone agus Eolas.

## Caidrimh le Rialálaithe eile

Déanann ÚRCTC maoirseacht ar réimse leathan éagsúil eagraíochtaí, agus téimid i mbun cumarsáide go gníomhach le príomhrialálaithe eile agus le comhlachtaí poiblí, amhail an tÚdarás Rialála Carthanas, an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe, údaráis áitiúla agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS). Nílimid ach ag an tús maidir le comhoibriú riaracháin a éascú, agus maidir le dea-chleachtas, faisnéis agus eolas a roinnt. Tá sé mar aidhm againn a chinntiú go mbeidh leanúnachas agus trédhearcacht sa chinnteoireacht agus, nuair is féidir, riarachán rialála a laghdú.

Leanfaidh ÚRCTC ar aghaidh le socruithe oibre idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil a dhéanamh le rialálaithe eile le linn 2023 agus 2024 agus tá sé mar aidhm againn meabhráin tuisceana a fhorbairt le rialálaithe eile, de réir mar is cuí.

## Ceisteanna ón Oireachtas

D'fhreagair ÚRCTC ceisteanna a fuair siad ón Oireachtas, trí cinn in 2021 agus ceann amháin in 2022. Tá seoladh ríomhphoist speisialta ag an rialálaí do Theachtaí Dála agus do Sheanadóirí d'fhonn an próiseas a dhéanamh níos éifeachtaí .

## Iarratais ar Shaoráil Faisnéise (SF)

Chuir ÚRCTC scéim foilseacháin SF i bhfeidhm, mar a cheanglaítear le hAlt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise, agus is féidir teacht uirthi ar shuíomh gréasáin ÚRCTC. Fuair ÚRCTC iarratas amháin ar SF in 2022, agus bhain sé seo le Teagmhais Infhógartha. Ceadaíodh é seo go páirteach tar éis é a mheas i gcoinne an Achta.



Comhlachas Tithíochta Focus, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Luimneach

# 5. Eagraíocht lúfar, sholúbtha agus chuntasach

## Struchtúr Eagrúcháin


Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as ÚRCTC a bhainistiú agus a riar ó lá go lá. Dhíríomar ar dtús ar an gclár clárúcháin, ar chaighdeáin do CTCanna agus ar an gcreat rialála a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, agus ar chumarsáid a dhéanamh le príomhpháirtithe leasmhara faoin údarás rialála nua.

Thugamar líon suntasach beartas agus nósanna imeachta agus struchtúir rialachais isteach, rinneamar oibríochtaí a fhorbairt, cheapamar foireann nua agus chinntíomar go raibh acmhainní cuí daonna agus acmhainní cuí airgeadais ag ÚRCTC.

Bhí an timpeallacht oibriúcháin á forbairt an t-am ar fad, de réir mar a chuireamar tús le céim seachadta ár bhfeidhmeanna rialála le linn 2022.

Leanfar ar aghaidh leis an dul chun cinn seo in 2023, leis an gcreat rialála a chur i bhfeidhm go daingean, le meastóireacht a dhéanamh ar eolas agus ar shonraí d'fhonn cur chuige leanúnach i leith rialáil rioscabhunaithe a chumasú, le treoir agus cláir oideachais a chur ar fáil, agus le creataí imscrúdaithe agus forfheidhmithe a chur i bhfeidhm.

## Struchtúr Eagrúcháin ÚRCTC



## Soláthar Foirne

Is eagraíocht bheag ach dhinimiciúil é ÚRCTC, agus tá ionracas agus cinnteoireacht chomhsheasmhach éifeachtach mar chuid lárnach dár n-éiteas. Cé gur eagraíocht nua muid go fóill, díríodh go mór ar eagraíocht a chruthú ina mbeadh béim ar leith ar fhorbairt foirne agus ar fheabhsú leanúnach. Tá speisialtóirí éagsúla amhail cinnteoirí, bainisteoirí cásanna agus riarthóirí riachtanach dúinn ag ÚRCTC agus déanaimid ár ndícheall a chinntiú go bhfuil na scileanna agus an saineolas cuí againn ag gach leibhéal den eagraíocht agus go n-úsáidtear na hacmhainní sin ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla.

Aistríodh roinnt baill foirne ón nGníomhaireacht Tithíochta go ÚRCTC i mí Iúil 2021 i gcomhréir lenár reachtaíocht. Chinntigh sé sin go raibh saineolas tábhachtach ar láimh ag ÚRCTC chun an rialálaí reachtúil nua a fhorbairt agus a chur ar a bhoinn.

De réir mar a oibríonn ÚRCTC i dtreo timpeallacht oibre 'gnó mar is gnách', beidh gá le hacmhainní daonna méadaithe chun clárúchán, meastóireacht, oideachas, treoir, monatóireacht, comhlíonadh, údair imní agus gnóthaí dlí a bhainistiú.

Díreach mar a tharlaíonn in eagraíochtaí eile idir phoiblí agus phríobháideach, tháinig athruithe ar fhoireann ÚRCTC agus bhí sé dúshlánach acu na daoine cearta a fháil do phoist. Déanfaimid athbhreithniú ar ár riachtanais foirne ar bhonn rialta chun a chinntiú go bhfuil an fhoireann chuí againn chun ár spriocanna inghnóthaithe agus ár gcuspóirí a bhaint amach. Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí 20 ball foirne (coibhéis lánaimseartha) ag obair le ÚRCTC.

## Forbairt Foirne

Díríonn ÚRCTC ar fhorbairt foirne agus ar a bheith ina fhostóir is mó a mbeidh tóir air i gcomhréir lenár gcuspóirí straitéiseacha. Bhaineamar roinnt spriocanna inghnóthaithe amach le 20 mí anuas, lena n-áirítear cairt foirne a fhorbairt, cruinnithe míosúla don fhoireann ar fad, nuachtlitreacha inmheánacha démhíosúla d'fhoireann ÚRCTC, cláir oiliúna inmheánacha, tacaíocht don fhoireann chun freastal ar chúrsaí oiliúna seachtracha agus ar chomhdhálacha agus ócáidí a bhaineann le cúrsaí tithíochta.

Fuair ÚRCTC oifigí nua i mí na Nollag 2022, lena gcuirtear timpeallacht oibre feabhsaithe ar fáil agus ina bhfuil dóthain spáis chun an fhoireann a mhéadú chun a chinntiú go mbaintear ár spriocanna amach.




POF ÚRCTC Susanna Lyons agus cur i láthair á dhéanamh aici ag an gComhdháil Dhébhliantúil Airgeadais de chuid ICSH (Deireadh Fómhair 2022)

## Foireann Feidhmiúcháin ÚRCTC

### Susanna Lyons, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



Ceapadh Susanna ina POF díreach tar éis ÚRCTC a chur ar bun ar an 1 Feabhra 2021. Tá Susanna freagrach as ÚRCTC a bhainistiú ó lá go lá. Tá breis agus 30 bliain taithí ag Susanna sna réimsí seo a leanas; riosca, bainistíocht airgeadais, straitéis agus rialachas. Chaith sí cúig bliana ag obair in Oifig Rialála na Gníomhaireachta Tithíochta, áit a raibh mar phríomhchúram uirthi rialáil dheonach a sholáthar, lena n-áirítear rialachas, inmharthanacht airgeadais agus bainistíocht feidhmíochta. Tá BA san Eacnamaíocht, Socheolaíocht & Polaitíocht, Máistreacht san Eacnamaíocht Idirnáisiúnta, Baincéireacht agus Airgeadas agus MBA in Airgeadas ag Susanna.

### Miriam Kavanagh, Ceannasaí Rialála Airgeadais, Rialachais agus Clárúcháin



Tá Miriam freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an chreata clárúcháin, agus as maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht & tuairisciú airgeadais, agus ar rialú CTCanna. Chaith Miriam 2 bhliain ag obair in Oifig Rialála na Gníomhaireachta Tithíochta, mar a raibh sí freagrach as dea-chleachtas airgeadais agus rialachais a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm don earnáil. D'oibrigh Miriam i róil éagsúla in earnáil an airgeadais agus san earnáil phoiblí in Éirinn roimhe sin. Is Cuntasóir Bainistíochta Cairte í Miriam le hInstitiúid na gCuntasóirí Bainistíochta in Éirinn agus chríochnaigh sí an Dioplóma sa Rialachas Corparáideach i Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit le déanaí.

### Steven Sheridan, Ceannasaí Feidhmíochta agus Cumarsáide



Ceapadh Steven ina Cheannasaí Feidhmíochta & Cumarsáide in Oifig Rialála na Gníomhaireachta Tithíochta i mí Aibreáin 2019. Bhí sé ina Cheannasaí Rialála & Cigireachta i dTuaisceart Éireann roimhe sin agus é freagrach as Comhlachais Tithíochta Cláraithe i dTuaisceart Éireann a rialáil. Bhí sé freagrach chomh maith as clár cigireachta bliantúil a chur ar fáil d'Fheidhm na dTiarnaí Talún de chuid Fheidhmeannacht Tithíochta Thuaisceart Éireann. Tá breis agus 20 bliain taithí ag Steven ag obair i Státseirbhís Thuaisceart Éireann agus chaith sé 10 mbliana ina Iniúchóir Inmheánach i roinnt comhlachtaí poiblí. Chomh maith leis sin, tá Steven ina Bhall Cairte d'Institiúid na nIniúchóirí Inmheánacha (CMIIA) (RA & Éire).

### Paula Nyland, Ceannasaí Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha



Ceapadh Paula Nyland ina Ceannasaí Airgeadais & Seirbhísí Corparáideacha i mí na Samhna 2021. Tá Paula freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar sheachadadh gach gné d'fheidhmeanna seirbhísí corparáideacha de chuid ÚRCTC, lena n-áirítear, airgeadas, rialachas, TF, saoráidí agus acmhainní daonna. Is cuntasóir cairte (comhalta) í a bhfuil breis agus 25 bliain taithí aici i roinnt réimsí airgeadais lena n-áirítear iniúchadh inmheánach; tuairisciú airgeadais; agus pleanáil. An ról ba dhéanaí a bhí ag Paula, ba san earnáil neamhbhrabúis a bhí sé. Chaith sí sé bliana ina Ceannasaí Airgeadais & Oibríochtaí ag Benefacts áit ar chuir sí anailís, oiliúint agus seirbhísí ar fáil don earnáil neamhbhrabúis agus do chomhlachtaí rialtais araon.

### Leona McMahon, Ceannasaí Gnóthaí Dlí



Ceapadh Leona McMahon ina Ceannasaí Gnóthaí Dlí i mí an Mheithimh 2022. Tugann sí comhairle dlí do ÚRCTC maidir le feidhmeanna, dualgais agus cumhachtaí chun go gcloífear lena reachtaíocht rialaithe agus cuireann sí comhairle dlí ar fáil ar fud na heagraíochta. Tá breis agus fiche bliain taithí dlí ag Leona san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí araon, go háirithe i réimsí na n-ionad réadmhaoine, na tithíochta agus na forfheidhmithe reachtaíochta. Cháiligh sí ina haturnae in 2003, tar éis di Céim sa Dlí agus sa Léann Eorpach a bhaint amach ag Ollscoil Luimnigh roimhe sin, agus tá Teastais ghairmiúla aici i nDlí Cosanta Sonraí agus i nDlí Teicneolaíochta ó Dhlí-Chumann na hÉireann.

# Rialú ar ÚRCTC

## Bord ÚRCTC

Tá Bord ÚRCTC freagrach as an eagraíocht a threorú sa treo ceart ó thaobh na straitéise de. Tá naonúr ball ann faoi láthair, a bhfuil saineolas fairsing acu le chéile sna réimsí seo a leanas; tithíocht, cúrsaí údarás áitiúil, gnóthaí dlí, airgeadas, rialachas, oibríochtaí agus rialáil. Cheap an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an naonúr comhaltaí boird don tréimhse 11 Feabhra 2021 - 10 Feabhra 2026, tar éis próiseas a reáchtáil an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Tá ár socruithe rialachais chorparáidigh faoi réir ár reachtaíochta rialaithe agus faoi réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Chomh maith leis sin, tá an caidreamh leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta faoi réir comhaontú maoirseachta. Déantar athbhreithniú bliantúil ar ár socruithe rialachais chun a chinntiú go gcomhlíontar ár n-oibleagáidí reachtúla agus go gcloítear leis an dea-chleachtas ar bhonn leanúnach.

### Eddie Lewis (Cathaoirleach)



Chaith Eddie Lewis an chuid is mó dá shaol gairmiúil ag obair sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. D'oibrigh sé i roinnt rannóga den Roinn le linn an ama sin, lena n-áirítear tréimhse mar Phríomhoifigeach do roinnt réimsí beartais tithíochta. Tá sé ag obair faoi láthair mar Léachtóir Comhlach leis an bhForas Riaracháin, áit a bhfuil sé i gceannas ar an Dioplóma Gairmiúil sa Staidéar Tithíochta agus ar Chúrsaí Teastais.

Labhair sé agus scríobh sé ailt faoi ábhair éagsúla a bhaineann le tithíocht agus scríobh sé 'Competing in an Uncertain World. Institutional Change in the Irish State', a foilsíodh in 2010, agus 'Social Housing Policy in Ireland. New Directions' [2019].

### Séamus Neely



Bhí Séamus ina Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Contae Dhún na nGall ó mhí Iúil 2010 go dtí mí Iúil 2020 agus tá taithí fhairsing aige ar chreataí rialála éagsúla a mhaoirsiú agus a sheachadadh, creataí a bhfuil an Earnáil Rialtais Áitiúil freagrach astu. Fuair Séamus an-chuid taithí chomh maith nuair a bhí sé ar bhoird éagsúla san earnáil phoiblí agus san earnáil pobail. Chuir Séamus tús lena ghairmréim sa tseirbhís phoiblí le Comhairle Contae Dhún na nGall sular aistrigh sé go róil éagsúla i gComhairle Baile agus i gComhairle Contae Mhuineacháin agus an Chabháin araon agus tá céim onóracha sa Staidéar Gnó ó Ollscoil Uladh agus MBA ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath aige. Tá an-chuid taithí ag Séamus ag leibhéal bainistíochta sinsearaí i réimsí na n-oibríochtaí agus na bainistíochta ginearálta, go háirithe san Earnáil Rialtais Áitiúil. Chomh maith leis sin, tá sé ina Chomhalta Boird de chuid na Gníomhaireachta Forbartha Talún (Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe), de chuid Chuideachta Aerfort Chathair Dhoire, agus tá sé ina Chathaoirleach ar an gCoiste Achomhairc Foraoiseachta. Roimhe sin, bhí Seamus ina chomhalta boird de chuid Bhonneagar Iompair Éireann, de chuid na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus de chuid roinnt CTRanna Pobail chomh maith. Ceapadh Seamus ina chomhalta boird de chuid an Údaráis Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe i mí Feabhra 2021.

### Eileen Gleeson



Bhí Eileen Gleeson ina Stiúrthóir tráth ar Fheidhmeannacht um Dhaoine ar Easpa Dídine Réigiún Bhaile Átha Cliath, ról ina raibh sí freagrach as déileáil leo siúd a bhí gan dídean nó a bhí i mbaol a bheith gan dídean do na ceithre Údarás Áitiúla i mBaile Átha Cliath faoi choimirce Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Seirbhíseach poiblí ó ghairm ba ea í a d'oibrigh le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar feadh breis agus 40 bliain go dtí go ndeachaigh sí ar scor i mí Eanáir 2021. Ceapadh ina comhalta boird í de chuid na Gníomhaireachta Tithíochta i mí na Nollag 2022.

Bhí roinnt príomhróil cheannaireachta ag Eileen san Údarás Áitiúil le linn a gairme agus, chaith sí os cionn 30 bliain ag obair i Seirbhísí Tithíochta le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Bhí ról lárnach aici i bhfás agus i bhforbairt Earnáil na gComhlachtaí Tithíochta Ceadaithe d'fhonn Tithíocht Shóisialta a sholáthar i gCathair Bhaile Átha Cliath.

## Geraldine Hynes



Is aturnae agus idirghabhálaí creidiúnaithe í Geraldine Hynes a bhfuil taithí na mblianta aici i gcleachtadh ginearálta, oideachas dlí, rialáil agus dlí comhionannais. D'oibrigh sí mar idirghabhálaí agus mar shainchomhairleoir maidir le réiteach malartach díospóide ó 2012 i leith.

Is idirghabhálaí deonach í Geraldine le seirbhísí de chuid Dublin Community Mediation agus is aturnae deonach í freisin le Mercy Law Resource Centre, mar a mbíonn sí ag déileáil le fadhbanna tithíochta agus easpa dídine. Déanann sí cathaoirleacht ar bhinsí arna mbunú faoi na hAchtanna Meabhair-Shláinte agus tá sí ina comhalta boird den Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre ó bunaíodh é in 2015. Rinne Geraldine cathaoirleacht ar bhinsí arna mbunú faoi na hAchtanna Meabhair-Shláinte ó 2001-2022 agus bhí sí ina comhalta boird den Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre ó 2015 nuair a bunaíodh é go dtí 2021. Chomh maith leis sin, tá sí ina comhalta boird den Údarás Rialála Seirbhísí Maoine faoi láthair.

## Jillian Mahon



Tá taithí na mblianta ag Jillian Mahon mar stiúrthóir feidhmiúcháin agus mar stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin, agus tá an-chuid taithí ghinearálta agus saintaithí aici ar bhainistíocht san earnáil airgeadais phríobháideach, phoiblí agus idirnáisiúnta trí chéile. Tá sí ina comhairleoir neamhspleách gnó agus airgeadais ó 2019 i leith, agus oibríonn sí sa tír seo agus san AE mar chomhairleoir san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon, go háirithe i réimsí na bainistíochta riosca agus na inbhuanaitheachta.

Bhí róil shinsearacha ag Jillian roimhe seo i nGníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) leis an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean/ Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann, agus ó 2014 i leith i gCorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann. Bhí gairmréim rathúil ag Jillian in earnáil na baincéireacht sula raibh na róil sin aici, agus bhí ról an Chisteora aici in AIB. Tá BA, MBA, agus Dioplómaí Gairmiúla sa Rialachas Corparáideach agus san Airgeadas Inbhuanaithe aici. Tá sí ina ball den Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide ó 2021 i leith.

## John McCarthy



Is iar-státseirbhíseach é John McCarthy a bhfuil taithí 35 bliain aige. Chaith sé breis agus 6 bliana go dtí mí an Mheithimh 2020 mar Ard-Rúnaí na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, nó an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil mar a tugadh uirthi tar éis athstruchtúrú a dhéanamh uirthi. Chaith sé tréimhsí éagsúla ama roimhe sin mar Rúnaí Cúnta i gceannas ar na Rannóga Rialtais Áitiúil, Comhshaoil agus Tithíochta sa Roinn. Bhí sé ina Phríomhoifigeach roimhe sin arís i roinnt réimsí gníomhaíochta de chuid na Roinne, lena n-áirítear tithíocht inacmhainne agus bainistíocht dramhaíola. Thosaigh sé ag obair sa Roinn in 1991, tar éis dó a bheith ag obair roimhe sin i roinnt Ranna eile, lena n-áirítear an Roinn Coimirce Sóisialaí agus an Phríomh-Oifig Staidrimh. Tá bunchéim agus dioplóma iarchéime aige sa bhainistíocht agus céim máistir aige sa Riarachán Poiblí. Bhí sé ina chomhchathaoirleach roimhe seo chomh maith ar Bhord Seachadta Thionscadal Éireann 2040 agus ina bhall den Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta agus den Choiste um Cheapacháin Ardleibhéil. Tá róil neamhfheidhmiúcháin aige faoi láthair mar Chathaoirleach agus mar stiúrthóir ar roinnt eagraíochtaí.

## Oonagh Breen



Tá Oonagh Breen ina hOllamh le Dlí ag Scoil Dlí Sutherland, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Is céimí de chuid COBÁC agus Scoil Dlí Yale í, agus tá béim ar rialáil agus rialachas dlí carthanais comparáideach ina cuid taighde. D'oibrigh sí leis an earnáil neamhbhrabúis, le rialálaithe carthanais agus le lucht déanta beartas i roinnt dlínsí (lena n-áirítear Éire, an RA, an Astráil, an Nua-Shéalainn agus Ceanada). Is Iar-uachtarán de chuid an International Society for Third Sector Research (ISTR) í Oonagh, agus is ball den chomhairle chomhairleach idirnáisiúnta don International Center for Not-for-Profit Law (ICNL) í. Scríobh sí an Tuarascáil 'Enlarging the Space for European Philanthropy' (DAFNE & EFC, 2018), tá sí ina ball den Ghrúpa Comhairleach Náisiúnta maidir le Beartas Rialtais um Dhaonchairdeas a fhorbairt, agus chomhscríobh sí an lámhleabhar 'Law of Charities in Ireland', Breen agus Smith (Bloomsbury, 2019).

## Michael Cameron



Is é Michael Príomhfheidhmeannach Rialálaí Tithíochta na hAlban, agus rialálaí na dTiarnaí Talún Sóisialta Cláraithe (RSLanna) agus seirbhísí tithíochta na n-údarás áitiúil in Albain. Bhí soláthar seirbhísí tithíochta sóisialta, sláinte poiblí agus leasa mar chuid lárnach dá ghairm bheatha, agus le fiche bliain anuas d'oibrigh sé i seirbhís cigireachta agus rialála Rialálaí Tithíochta na hAlban agus sna heagraíochtaí a tháinig roimhe. Cuireadh oideachas ar Michael ag Ollscoil Ghlaschú.

## Orla Coyne



Tá Orla Coyne ina haturnae cáilithe le breis agus 30 bliain. Chaith sí seal roimhe sin mar chomhalta Comhairle/Coiste agus mar Chathaoirleach Coiste i nDlí-Chumann na hÉireann agus i gComhlachas Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath (DSBA) araon, agus uachtarán DSBA a bhí inti tráth. Ceapadh í mar chomhalta Boird den Bhord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha ó 2005- 2013, agus chaith sí tréimhse mar Chathaoirleach an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha ó 2009-2013, agus d'fhan sí mar chomhalta den Bhinse ó 2013 go 2016. Ceapadh ar an mBinse Cíosa í roimhe sin (mar chomhalta agus mar Chathaoirleach), agus níos déanaí fós ceapadh ar an mBinse Luachála í ó 2015 go dtí an lá atá inniu ann. Is céimí de chuid COBÁC í agus tá Dioplóma Iarchéime san Eadráin agus i nDlí na hEorpa aici.

## Freastal ar Chruinnithe Boird

### 2021

| Freastal ar Chruinnithe Boird | | Eddie Lewis | Eileen Gleeson | Geraldine Hynes | Jillian Mahon | John McCarthy | Michael Cameron | Oonagh Breen | Orla Coyne | Séamus Neely |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1ú | An 25 Feabhra | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair |
| 2ú | An 8 Márta | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | as láthair | i láthair | i láthair | i láthair |
| 3ú | Seisiún Straitéise | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair |
| Múnla Gnó Speisialta | An 7 Bealtaine | i láthair | as láthair | as láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair |
| 4ú | An 20 Bealtaine | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair |
| 5ú | An 24 Meitheamh | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair |
| 6ú | An 29 Iúil | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair |
| 7ú | An 24 Meán Fómhair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair |
| 8ú | An 28 Deireadh Fómhair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | as láthair | i láthair | i láthair | i láthair |
| 9ú | An 25 Samhain | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | as láthair | i láthair |
| **Tinreamh don bhliain iomlán** | | 10 | 9 | 9 | 10 | 10 | 8 | 10 | 9 | 10 |

2022

| Freastal ar Chruinnithe Boird | | Eddie Lewis | Eileen Gleeson | Geraldine Hynes | Jillian Mahon | John McCarthy | Michael Cameron | Oonagh Breen | Orla Coyne | Séamus Neely |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 10ú | An 25 Eanáir | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | as láthair | i láthair | i láthair | i láthair |
| 11ú | An 17 Feabhra | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | as láthair | i láthair |
| 12ú | An 31 Márta | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | as láthair | i láthair | i láthair | i láthair |
| 13ú | An 28 Aibreáin | i láthair | i láthair | as láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | as láthair | i láthair |
| 14ú | Múnla Gnó agus Straitéis | i láthair | as láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair |
| 15ú | An 30 Meitheamh | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | as láthair | i láthair | i láthair | i láthair |
| 16ú | An 28 Iúil | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair |
| 17ú | An 29 Meán Fómhair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair |
| 18ú | An 27 Deireadh Fómhair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | as láthair | i láthair |
| 19ú | An 24 Samhain | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair | as láthair | i láthair | i láthair | i láthair |
| **Tinreamh don bhliain iomlán** | | 10 | 9 | 9 | 10 | 10 | 6 | 10 | 7 | 10 |

# Fochoistí

## Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca

Bhunaigh ÚRCTC Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca (ARC) ar a bhfuil ceathrar comhaltaí boird. Is é ról an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca tacú leis an mbord i dtaca lena fhreagrachtaí i gcúrsaí a bhaineann le riosca, rialú agus dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta ó lá go lá.

Is iad Eileen Gleeson, John McCarthy, Oonagh Breen, agus Jillian Mahon na comhaltaí den Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca.

Reáchtáladh ceithre chruinniú den Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca sa tréimhse suas go dtí mí na Nollag 2022.

### Freastal ar Chruinnithe an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca 2021

| Freastal ar Chruinnithe an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca | | Jillian Mahon (Cathaoirleach) | Eileen Gleeson | John McCarthy |
|---|---|---|---|---|
| 1ú | An 12 Iúil | i láthair | i láthair | i láthair |
| 2ú | An 6 Meán Fómhair | i láthair | i láthair | i láthair |
| 3ú | An 11 Deireadh Fómhair | i láthair | i láthair | i láthair |
| 4ú | An 8 Samhain | i láthair | i láthair | i láthair |
| **Tinreamh don bhliain iomlán** | | 4 | 4 | 4 |

## 2022

| Freastal ar Chruinnithe an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca | | Jillian Mahon (Cathaoirleach) | Eileen Gleeson | John McCarthy | Oonagh Breen |
|---|---|---|---|---|---|
| 5ú | An 13 Eanáir | i láthair | i láthair | i láthair | neamhbhainteach |
| 6ú | An 13 Aibreáin | i láthair | i láthair | i láthair | neamhbhainteach |
| 7ú | An 9 Meitheamh | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair |
| 8ú | An 11 Deireadh Fómhair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair |
| **Tinreamh don bhliain iomlán** | | **4** | **4** | **4** | **2** |

# Coiste Dlí agus Rialála

Bhunaigh an ÚRCTC Coiste Dlí agus Rialála i mí Iúil 2022. Is é ról an Choiste tacú leis an mbord in athbhreithniú agus i maoirsiú chreat reachtaíochta agus chur chuige rialála ÚRCTC.

Is iad Orla Coyne, Geraldine Hynes, Michael Cameron agus Seamus Neely na comhaltaí den choiste seo. Reáchtáil an Coiste Dlí agus Rialála 4 chruinniú sa tréimhse suas go dtí mí na Nollag 2022.

## Freastal ar Chruinnithe an Choiste Dlí agus Rialála 2022

| Freastal ar Chruinnithe an Choiste Dlí agus Rialála | | Orla Coyne (Cathaoirleach) | Geraldine Hynes | Michael Cameron | Séamus Neely |
|---|---|---|---|---|---|
| 1ú | An 6 Iúil | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair |
| 2ú | An 21 Meán Fómhair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair |
| 3ú | An 18 Deireadh Fómhair | i láthair | i láthair | i láthair | i láthair |
| 4ú | An 14 Samhain | i láthair | as láthair | i láthair | i láthair |
| **Tinreamh don bhliain iomlán** | | **4** | **3** | **4** | **4** |

# An Coiste Rialachais

Bhunaigh ÚRCTC Coiste Rialachais i mí Iúil 2021. Ba iad téarmaí tagartha an Choiste tacú leis an mbord ina fhreagrachtaí maidir le rialachas. Ba iad Orla Coyne, Oonagh Breen agus Seamus Neely na comhaltaí den choiste seo.

Rinneadh an coiste a dhíscaoileadh i mí Iúil 2022, agus aistríodh a fhreagrachtaí chuig an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca agus chuig an gCoiste Dlí agus Rialála faoi seach.

Reáchtáil an Coiste Rialachais dhá chruinniú in 2022, sula ndearnadh é a dhíscaoileadh.

## Freastal ar Chruinnithe an Choiste Rialachais 2021

| Freastal ar Chruinnithe an Choiste Rialachais | | Orla Coyne (Cathaoirleach) | Oonagh Breen | Séamus Neely |
|---|---|---|---|---|
| 1ú | An 14 Iúil | i láthair | i láthair | i láthair |
| 2ú | An 8 Meán Fómhair | i láthair | i láthair | i láthair |
| 3ú | An 14 Deireadh Fómhair | i láthair | i láthair | i láthair |
| 4ú | An 10 Samhain | i láthair | as láthair | i láthair |
| **Tinreamh don bhliain iomlán** | | **4** | **3** | **4** |

### 2022

| Freastal ar Chruinnithe an Choiste Rialachais | | Orla Coyne (Cathaoirleach) | Oonagh Breen | Séamus Neely |
|---|---|---|---|---|
| 5ú | An 3 Márta | as láthair | i láthair | i láthair |
| 6ú | An 13 Aibreáin | i láthair | i láthair | i láthair |
| **Tinreamh don bhliain iomlán** | | **1** | **2** | **2** |

## Coiste Oibríochtaí

Bhunaigh ÚRCTC Coiste Oibríochtaí i mí Iúil 2021. Ba iad téarmaí tagartha an Choiste tacú leis an mbord ina fhreagrachtaí maidir le maoirsiú na dtionscadal oibriúcháin atá ar bun ag ÚRCTC. Ba iad Michael Cameron (RA), Eddie Lewis agus Geraldine Hynes na comhaltaí den choiste seo. Rinneadh an coiste a dhíscaoileadh i mí Iúil 2022.

Reáchtáil an Coiste Oibríochtaí cruinniú amháin in 2022 sular díscaoileadh é.

### Freastal ar Chruinnithe an Choiste Oibríochtaí

### 2021

| Freastal ar Chruinnithe an Choiste Oibríochtaí | | Michael Cameron (Cathaoirleach) | Geraldine Hynes | Eddie Lewis |
|---|---|---|---|---|
| 1ú | An 12 Iúil | i láthair | i láthair | i láthair |
| 2ú | An 9 Meán Fómhair | i láthair | i láthair | i láthair |
| 3ú | An 15 Deireadh Fómhair | i láthair | i láthair | i láthair |
| 4ú | An 11 Samhain | i láthair | i láthair | i láthair |
| **Tinreamh don bhliain iomlán** | | **4** | **4** | **4** |

### 2022

| Freastal ar Chruinnithe an Choiste Oibríochtaí | | Michael Cameron (Cathaoirleach) | Geraldine Hynes | Eddie Lewis |
|---|---|---|---|---|
| 5ú | An 9 Feabhra | i láthair | i láthair | i láthair |
| **Tinreamh don bhliain iomlán** | | **1** | **1** | **1** |

## Athruithe ar struchtúr an fhochoiste

I mí Iúil 2022, thug an Rialálaí faoi athbhreithniú ar struchtúir rialachais ÚRCTC agus ar róil a fhochoiste i gcomhréir le tosach feidhme gach gné eile den reachtaíocht a bhí fágtha. Nuair a bhí an t-athbhreithniú sin déanta, rinne an Rialálaí na nuashonruithe seo a leanas ar struchtúir a fhochoistí in 2022:

**a)** An Coiste Rialachais a dhíscaoileadh agus freagrachtaí an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca a leathnú chun rialachas a chuimsiú. Tháinig méadú ar líon na gcomhaltaí ar an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca dá bharr sin.

**b)** An Coiste Oibríochtaí a dhíscaoileadh, nuair a bhí roinnt tionscadail oibriúcháin curtha i gcrích.

## Bainistiú Riosca

Tá creat bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag ÚRCTC, agus tá Beartas agus Nós Imeachta Bainistíochta Riosca, Ráiteas Inghlacthachta Riosca agus Clár um Riosca Corparáideach mar chuid de sin. Déanann an córas bainistithe riosca príomhrioscaí a shainaithint agus a thuairisciú chomh maith leis na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, sa mhéid agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí atá roimh ÚRCTC agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheasúnú agus a chur in ord tosaíochta. Déanann an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na n-athbhreithnithe ar rioscaí chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha. Bíonn riosca ina mhír sheasta ar an gclár oibre ag gach cruinniú boird.

## Soláthar

Tá nósanna imeachta forbartha ag an ÚRCTC chun cloí leis na rialacha agus na treoirlínte reatha soláthair mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

## Iniúchóireacht Inmheánach

Bhunaigh ÚRCTC a fheidhm iniúchóireachta inmheánaí i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Déantar an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a bhainistiú trí sholáthraí seachtrach. Chuir ÚRCTC cairt iniúchóireachta agus straitéis iniúchóireachta inmheánaí i bhfeidhm (2022 -2026). Ba i mí na Samhna 2022 a rinneadh an chéad iniúchadh inmheánach a raibh athbhreithniú ar an gcóras rialuithe inmheánacha mar chuid de.

## Sáruithe ar Shonraí

Tharla mionsáruithe ar shonraí trí huaire le linn 2022, earráid dhaonna ba chúis leo agus measadh nach raibh ach riosca íseal ag baint leis na trí cinn acu. Tuairiscíodh sárú amháin don Choimisinéir Cosanta Sonraí.

# Gnóthaí Rialála



Oaklee Housing, Baltrasna, an Móta, Contae na hIarmhí,

## Reachtaíocht

Tá ÚRCTC dóchasach go ndéanfar na leasuithe reachtaíochta cuí go pras ar ghnéithe incháilitheachta an Achta chun go mbeidh creat rialála éifeachtach ar fáil. Shainaithníomar roinnt réimsí tábhachtacha laistigh den reachtaíocht, réimsí ar gá athbhreithniú agus leasú breise a dhéanamh orthu, agus a bhféadfadh impleachtaí níos leithne a bheith ag baint leo a éileodh breithniú fadtéarmach ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, chun a chinntiú go bhfuil an Creat Rialála i gcomhréir leis an mbeartas tithíochta.

## Earnáil CTC

Tá an Earnáil CTC ilghnéitheach sa mhéid is go mbaineann éagsúlacht le líon, cineálacha agus samhlacha an tseachadta oibriúcháin Tá os cionn 137 ceann de na heagraíochtaí san earnáil rangaithe mar Chúram agus Tacaíocht, ní hí an tithíocht a bpríomhchuspóir agus, i go leor cásanna, ní mheastar mar thiarnaí talún sóisialta iad. Is é an FSS is mó a chuireann maoiniú ar fáil do na heagraíochtaí sin agus tá an iliomad eagraíochtaí maoirseachta rialála agus maoinithe acu. Ní bhíonn aon tionóntaí ag go leor de na heagraíochtaí cúraim agus tacaíochta seo ná ní ghearrann siad aon chíosanna, Tá eagraíochtaí eile san earnáil chomh maith a dhéanann obair thábhachtach lena n-áirítear tearmainn dóibh siúd atá ag éalú ó fhoréigean baile agus ionaid athshlánúcháin ó dhrugaí agus ó alcól. Arís, níl aon tionóntaí ag na heagraíochtaí seo agus ní ghearrann siad aon chíosanna.

Ní hionann an Earnáil CTC agus earnálacha rialáilte eile sa mhéid is nach bhfuil an cuspóir céanna ná agus an tsamhail seachadta chéanna ag gach ball. Tá sé ríthábhachtach go bhfuil ballraíocht, maoiniú, seachadadh, beartas agus maoirseacht ag teacht lena chéile i dtimpeallacht mar seo ina bhfuil fás, acmhainn agus seachadadh tithíochta thar a bheith tábhachtach.

## Líon na CTCanna

Tá 450 CTC a 'Mheastar a bheith Cláraithe' ag feidhmiú in Éirinn. Tá thart ar 54,000 teach cónaithe faoina n-úinéireacht agus/nó á mbainistiú acu faoi láthair. Deontais a bhí i maoiniú na hearnála go stairiúil, agus bhí líon mór CTCanna beaga agus pobalbhunaithe ann. Thug roinnt eagraíochtaí le fios nach bhfuil aon phleananna acu le haghaidh tuilleadh fáis agus/nó nach bhfuil siad in ann na ceanglais reachtúla a chomhlíonadh.

Táthar ag súil go forleathan go dtabharfar an earnáil ar fad le chéile agus glactar leis, ach faoi láthair níl aon straitéis shoiléir ann chun tacú le comhdhlúthú chomh mór sin. Beidh tacaíocht shuntasach (lena n-áirítear maoiniú) ag teastáil ón earnáil chun a leithéid de sprioc a bhaint amach, má tá aon chomhdhlúthú fiúntach le tarlú, díreach mar a tharla in earnáil na gComhar Creidmheasa.

## Riosca

Tá an Earnáil CTC i gcroílár chlár an Rialtais 'Tithíocht do Chách'. Mar sin féin, táthar ag brath ar líon beag CTCanna a thuairiscigh pleananna le haghaidh fás suntasach sna blianta amach romhainn.

Ach, tá riosca suntasach comhchruinnithe ó thaobh fáis agus maoinithe de laistigh den earnáil mar thoradh air seo. Beidh gá le hiasachtaí den chuid is mó le haghaidh an fás a tuairiscíodh, dar le ÚRCTC. Beidh tionchar leanúnach ag an bhfás seo ar chláir chomhardaithe más ag brath ar fhiachas amháin atá sé. Caithfidh CTCanna féachaint ar straitéisí malartacha a bhaineann le fás, lena n-áirítear cumaisc.

## 2023 agus níos faide Anonn

Cé gur chomhlíon ÚRCTC roinnt dá phríomhfheidhmeanna in 2022, táimid réidh anois chun ár maoirseacht rialála agus ár bhfeidhmeanna ar fad a dhaingniú agus a thabhairt le chéile. Cuirfimid tús leis an gclár um measúnú reachtúil in 2023, agus tabharfaimid isteach córais chuí chun déileáil le neamhchomhlíonadh, idirghabháil agus forfheidhmiú.

Cuirfimid meabhráin tuisceana chun cinn i measc comhlachtaí rialála eile. Gníomhóimid nuair a aithnímid neamhchomhlíonadh suntasach in CTCanna, nó nuair a aithnímid cinn a léiríonn nach bhfuil an acmhainn ná an cumas iontu chun na caighdeáin rialála a chomhlíonadh.

Leanfaimid orainn ag obair ar ár bpríomhchuspóirí, is iad sin réitigh dhigiteacha fheabhsaithe a thabhairt isteach sa Chreat Rialála, agus leanfaimid orainn ag déanamh cumarsáide leis an earnáil agus le príomhpháirtithe leasmhara ar bhealach oscailte agus trédhearcach.

# Aguisín A – Ráitis Airgeadais 2022



Tuath Housing, Gráinseach Chill Chairbre, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22

# AN tÚDARÁS RIALÁLA COMHLACHTAÍ TITHÍOCHTA CEADAITHE

# RÁITIS AIRGEADAIS

## DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2022

CLÁR ÁBHAIR ..... Leathanach


Eolas Ginearálta ..... 51

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ..... 52

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil an Rialálaí ..... 54

Ráiteas ar Rialú Inmheánach ..... 60

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim a Choimeádtar ..... 63

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach ..... 64

Ráiteas ar Staid an Airgeadais ..... 65

Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais ..... 66

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ..... 67

# EOLAS GINEARÁLTA

| | |
|---|---|
| **Comhaltaí an Rialálaí** | Eddie Lewis (Cathaoirleach)<br>Séamus Neely<br>Eileen Gleeson<br>Geraldine Hynes<br>Jillian Mahon<br>John McCarthy<br>Oonagh Breen<br>Michael Cameron (RA)<br>Orla Coyne |
| **Foireann Bainistíochta Sinsearaí** | Susanna Lyons - Príomhfheidhmeannach<br>Miriam Kavanagh - Ceannasaí Rialála Airgeadais, Rialachais agus Clárúcháin<br>Steven Sheridan - Ceannasaí Feidhmíochta agus Cumarsáide<br>Paula Nyland – Ceannasaí Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha<br>Leona McMahon – Ceannasaí Gnóthaí Dlí |
| **Ceannoifig:** | An tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe<br>Teach Grattan (Urlár 4)<br>67-72 Sráid an Mhóta Íochtarach<br>Baile Átha Cliath 2<br>D02 H638 |
| **Uimhir Theileafóin:** | 01 224 3900 |
| **Suíomh gréasáin:** | https://www.ahbregulator.ie/ |
| **Ríomhphost:** | info@ahbregulator.ie |
| **Iniúchóirí:** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1<br>D01 PF72 |
| **Baincéirí:** | Danske Bank<br>International House (Urlár 3)<br>3 Plás Mháistir an Chuain IFSC<br>Baile Átha Cliath 1<br>D01 K8F1 |
| **Aturnaetha:** | Fieldfisher<br>The Capel Building<br>Mainistir Mhuire<br>Baile Átha Cliath 7<br>Éire<br>D07 N4C6 |

## Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Comptroller and Auditor General

### Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### An tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe

#### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Údaráis Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022 de réir mar is gá faoi fhorálacha roinn 21 d'Acht na dTithe (Rialáil na Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil), 2019. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim coimeádta
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgeadais, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Údaráis Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe amhail an 31 Nollaig 2022 agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain 2022 de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

#### *Bunús na tuairime*

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta um an tUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar an Údarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur iomchuí fianaise an iniúchta a fuair mé chun bunús a thabhairt le mo thuairim.

#### Tuarascáil maidir leis na bhfaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus maidir le cúrsaí eile

Chuir an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe faisnéis áirithe eile i láthair le chéile leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear inti an tuarascáil bhliantúil, ráiteas um rialachas agus tuarascáil an Rialtóra, agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí i ndáil leis an bhfaisnéis sin, agus ar chúrsaí áirithe eile ar a dtugaim tuairisc trí eisceacht.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis sin.



**Paula O'Connor**
**Ar son agus thar cheann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**29 Bealtaine 2023**

## Freagrachtaí an Rialtóra

Leagtar amach i ráiteas rialachais agus tuarascáil an rialtóra freagrachtaí an Rialtóra maidir le

- ráitis airgeadais bliantúla a ullmhú san fhoirm atá leagtha amach faoi roinn 21 d'Acht na dTithe (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil), 2019.
- a chinntiú go dtugtar léargas fíor agus cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheasúnú an bhfuil úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le cuntasaíocht cuí nó nach bhfuil, agus
- an rialú inmheánach a chur i bhfeidhm a dhearbhaíonn siad go bhfuil gá leis chun ullmhú na ráiteas airgeadais a éascú a bheidh saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi roinn 21 d'Acht na dTithe (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil), 2019, iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Údaráis Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe agus tuarascáil a thabhairt ina leith do Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Leibhéal ard dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní chinntítear leis go mbraithfear míshonrú ábhartha nuair atá siad ann le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta. D'fhéadfadh míshonruithe teacht ó chalaois nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha i gcás go mbeifí ag súil leo le réasún, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéanfadh siad ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh,

- déanaim na rioscaí um míshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais cibé acu de bharr calaoise nó earráide a shainaithint agus a mheasúnú; ceapaim agus déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise an iniúchta ar leor agus ar iomchuí í chun bunús a chur le mo thuairim. Bíonn an riosca mura mbraitear míshonrú ábhartha a bhíonn mar thoradh ar chalaois níos airde ná ceann a bhíonn mar thoradh ar earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá iomchuí sna cúinsí, ach ní chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanann meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochta lena mbaineann.
- Cinnim ar chuibhiúlacht úsáide bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le cuntasaíocht agus, bunaithe ar fhianaise iniúchóireachta a fuarthas, cé acu a bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras a chaitheamh ar chumas an Údaráis Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, tá sé ceangailte orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, murar leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear suas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh go gcuirfidh an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe stop le leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach mar thoradh ar imeachtaí nó cúinsí amach anseo, áfach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé an léirítear nó nach léirítear na hidirbhearta agus na himeachtaí bunaidh sna ráitis airgeadais ar mhodh um chur i láthair cothrom.

Cuirim iad siúd a bhfuil freagracht orthu as rialachas ar an bhfaisnéis maidir le, i measc cúrsaí eile, raon feidhme agus tráthúlacht bheartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a sainaithním le linn m'iniúchta.

Déanann tuairisc trí eisceacht ar an méid seo a leanas, má cheapaim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaím uaim d'iniúchadh, nó
- mura raibh na taifid chuntasaíochta dóthanach le hiniúchadh a dhéanamh go héasca agus go cuí ar na ráitis airgeadais, nó
- nach raibh na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear i mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim foirm ar bith de chonclúid dearbhaithe in iúl fúthu.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta faisnéis eile atá ann a léamh agus, ag déanamh amhlaidh, a mheas cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an bhfaisnéis a fuarthas le linn an iniúchta, nó má bhíonn sé míshonraithe go hábhartha ar bhealach ar bith eile. Má chinnim, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil míshonrú ábhartha san fhaisnéis eile sin, ceanglaítear orm é sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar chúrsaí eile

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na mbreithnithe speisialta atá ceangailte ar na comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus oibriú. Tuairiscím má thagaim ar chúrsaí ábhartha ar bith ann i dtaca leis an dóigh inar stiúradh an gnó poiblí.

Féachaim le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má thagaim ar chás ábhartha ar bith ann nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh sé beartaithe nó i gcás nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

# RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL AN RIALÁLAÍ

## Rialachas

Is í bliain airgeadais 2022 an chéad bhliain iomlán a raibh an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (ÚRCTC) i mbun gnó ó bunaíodh é ar an 1 Feabhra 2021. Tabharfar ÚRCTC ar oibríochtaí na heagraíochta agus tabharfar an Rialálaí ar bhord ÚRCTC síos tríd na ráitis airgeadais. Cheap an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta naonúr comhalta den Rialálaí don tréimhse ón 11 Feabhra 2021 go dtí an 10 Feabhra 2026. Tá sé de chúram ar ÚRCTC Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) a rialáil chun tacú le rialachas níos láidre agus le hinmharthanacht airgeadais na hearnála CTC, agus béim ar leith á leagan ar chosaint na hinfheistíochta suntasaí poiblí atá á déanamh i soláthar tithíochta sóisialta ag CTCanna. Is é aidhm ÚRCTC dearbhú a thabhairt d'infheisteoirí, do thionóntaí, don rialtas agus don earnáil CTC féin go n-oibríonn soláthraithe tithíochta sóisialta i dtimpeallacht dhea-rialáilte sheasmhach. Tá feidhmeanna agus cumhachtaí an Rialálaí i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil atá leagtha amach in Acht na dTithe (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil), 2019 (an tAcht). Cuireadh tús le cumhachtaí agus feidhmeanna an Rialálaí ar bhonn céimnithe i gcaitheamh 2021 agus 2022. Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an Rialálaí mar atá leagtha amach sa reachtaíocht:

- clár CTCanna a bhunú agus a choimeád,
- daoine a chlárú mar CTCanna
- dréachtchaighdeáin a ullmhú lena bhfaomhadh ag an Aire faoi alt 37 agus na caighdeáin cheadaithe a fhoilsiú,
- monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Achta seo ag CTCanna, comhlíonadh na gcaighdeán faofa go háirithe,
- fiosrúcháin a dhéanamh faoi Chuid 5,
- faoi Chuid 6, tionóntaí agus CTCanna a chosaint agus stádas clárúcháin CTCanna a chur ar ceal,
- rialachas, riarachán agus bainistíocht níos fearr CTCanna a spreagadh agus a éascú, lena n-áirítear rialachas corparáideach agus bainistíocht airgeadais, amhail eolas agus comhairle a sholáthar, i cibé foirm agus ar cibé modh, is cuí leis an Rialálaí,
- chun feasacht agus tuiscint ar an Acht seo a chur chun cinn, cibé eolas a chur ar fáil a measann an Rialálaí go bhfuil sé oiriúnach lena tabhairt don phobal i ndáil le feidhmiú an Achta seo, i cibé foirm agus ar cibé modh, is cuí leis an Rialálaí,
- cibé eolas a bhailiú maidir le CTCanna a mheasann an Rialálaí a bheith riachtanach agus iomchuí chun críocha fheidhmiú fheidhmeanna an Rialálaí, agus
- eolas dá leithéid a fhoilsiú (agus eolas staitistiúil san áireamh) a bhaineann le CTCanna, de réir mar is iomchuí leis an Rialálaí.

Tá an Rialálaí freagrach don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus déanann sé an tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar chúrsaí tábhachtacha gnó. Is iad an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí atá freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh rialta ÚRCTC ó lá go lá. Ní mór don Phríomhfheidhmeannach agus don fhoireann bainistíochta sinsearaí cloí leis an treoir leathan straitéiseach atá leagtha síos ag an Rialálaí agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach ball den Rialálaí ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an Príomhfheidhmeannach mar idirghabhálaí díreach idir an Rialálaí agus bainistíocht ÚRCTC.

## Freagrachtaí ÚRCTC

Tá ÚRCTC freagrach as CTCanna a rialáil, chun críocha sócmhainní tithíochta arna soláthar nó arna mbainistiú ag comhlachtaí den sórt sin a chosaint. Tá ÚRCTC freagrach as clár CTCanna a chur ar bun agus a choimeád, as caighdeáin a leagan síos, as monatóireacht agus measúnú a dhéanamh maidir le comhlíonadh na gcaighdeán, as rialachas, riarachán agus bainistíocht níos fearr a spreagadh agus a éascú laistigh de CTCanna, as cur chun cinn an Achta agus feasacht air, agus as bailiú agus foilsiú eolas áirithe faoi CTCanna. Tá sé de chumhacht ag ÚRCTC freisin imscrúduithe a dhéanamh agus stádas clárúcháin CTCanna a chur ar ceal.

Ceanglaítear le hAlt 21 d'Acht na dTithe (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil), 2019 ar an Rialálaí, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choimeád, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na Ráitis Airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Rialtóir na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur chun feidhme go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama,
- na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí a thoimhdiú go leanfaidh sé ar aghaidh a bheith ag feidhmiú, agus
- a lua ar cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna Ráitis Airgeadais.

Tá an Rialtóir freagrach as taifid chuntasaíochta dhóthanacha a choimeád a nochtann, le cruinneas réasúnach ag aon tráth, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na Ráitis Airgeadais le hAlt 21 den Acht. Tá an Rialtóir freagrach as caomhnú agus ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh Gréasáin ÚRCTC.

Tá an Rialtóir freagrach as an bplean agus as an mbuiséad bliantúil a cheadú. Rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht ÚRCTC trí thagairt a dhéanamh don phlean agus don bhuiséad bliantúil. Tá an Rialtóir freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus mar sin as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Breithníonn an Rialtóir go dtugann Ráitis Airgeadais ÚRCTC léiriú fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais ÚRCTC amhail ar an 31 Nollaig 2022.

Ceanglaíonn Alt 8 den Acht ar ÚRCTC glacadh le Cód Iompair chun déileáil le coinbhleachtaí leasa agus chun muinín an phobail as ionracas a ghnó a chur chun cinn. Tá an Cód Iompair ar ghlac ÚRCTC leis ar fáil ar a shuíomh Gréasáin. Tá forálacha an Chóid Iompair i gcomhréir freisin le ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

## Struchtúr an Rialtóra

Cuimsítear leis an Rialtóir an Cathaoirleach agus 8 ngnáthchomhalta, agus is é an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a cheapann gach duine acu i ndiaidh próiseas a chuireann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí i gcrích. Ceapadh comhaltaí an Rialtóra ar feadh tréimhse cúig bliana agus tá rogha ann chun síneadh a chur le téarma breise amháin.

| Comhalta Rialtóra | Ról | An Dáta ar ar ceapadh |
|---|---|---|
| Eddie Lewis | Cathaoirleach | 11/02/2021 |
| Séamus Neely | Comhalta Rialtóra | 11/02/2021 |
| Eileen Gleeson | Comhalta Rialtóra | 11/02/2021 |
| Geraldine Hynes | Comhalta Rialtóra | 11/02/2021 |
| Jillian Mahon | Comhalta Rialtóra | 11/02/2021 |
| John McCarthy | Comhalta Rialtóra | 11/02/2021 |
| Oonagh Breen | Comhalta Rialtóra | 11/02/2021 |
| Michael Cameron (RA) | Comhalta Rialtóra | 11/02/2021 |
| Orla Coyne | Comhalta Rialtóra | 11/02/2021 |

Bhunaigh an Rialtóir **an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca (ARC)** ar a bhfuil ceathrar comhaltaí den Rialtóir. Tuairiscíonn an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca don Rialtóir i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain. Seo a leanas comhaltaí an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca: Eileen Gleeson, John McCarthy, Oonagh Breen (arna gceapadh i Meitheamh 2022), agus Jillian Mahon. Is é ról an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca tacú leis an Rialtóir maidir lena fhreagrachtaí i gcúrsaí a bhaineann le riosca, rialú agus dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta ó lá go lá. Bhí ceithre chruinniú den Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca sa tréimhse go dtí mí na Nollag 2022.

Bhunaigh an Rialtóir **Coiste Rialachais** i mí Iúil 2021. Ba iad téarmaí tagartha an Choiste tacú leis an Rialtóir ina fhreagrachtaí maidir le Rialachas. Ba iad seo a leanas comhaltaí an choiste seo: Orla Coyne, Oonagh Breen agus Seamus Neely. Bhí dhá chruinniú ag an gCoiste in 2022.

Bhunaigh an Rialtóir **Coiste Oibríochtaí** i mí Iúil 2021. Ba iad téarmaí tagartha an Choiste tacú leis an Rialtóir ina fhreagrachtaí maidir le Rialachas a bhaineann le maoirseacht na dtionscadal oibriúcháin atá á gcur i gcrích ag ÚRCTC. Ba iad Michael Cameron (RA), Eddie Lewis agus Geraldine Hynes na comhaltaí den choiste seo. Bhí cruinniú amháin ag an gCoiste in 2022.

Bhunaigh an Rialtóir **Coiste Dlí agus Rialála** i mí Iúil 2022. Is iad téarmaí tagartha an Choiste tacú go sonrach leis an Rialtóir in athbhreithniú agus i maoirseacht chreat reachtaíochta agus chur chuige rialála ÚRCTC. Is iad seo a leanas comhaltaí an choiste seo: Orla Coyne, Geraldine Hynes, Michael Cameron agus Seamus Neely. Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste in 2022.

I mí Iúil 2022, chuaigh an Rialtóir i mbun athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir rialachais ÚRCTC agus róil a fhochoiste i gcomhréir le tosach feidhme gach gné eile den reachtaíocht a bhí fágtha. I ndiaidh an t-athbhreithniú a chur i gcrích, rinne an Rialtóir na nuashonruithe seo a leanas ar a struchtúir fochoistí in 2022 :-

**a.** An Coiste Rialachais a dhíscaoileadh agus freagrachtaí an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca a leathnú chun rialachas a chuimsiú. Tá méadú ar bhallraíocht an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca chun Oonagh Breen a bhí ar an gCoiste Rialachais roimhe seo a chur san áireamh.

**b.** An Coiste Oibríochtaí a dhíscaoileadh ar chríochnú na dtionscadal oibriúcháin.

## Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costais

Leagtar sceideal tinrimh maidir le cruinnithe an Rialtóra agus an Choiste don tréimhse go Nollaig 2022 amach thíos lena n-áirítear na táillí agus na costais a thuill gach comhalta.

| | Rialtóir | An Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca | Coiste Rialachais | Coiste Dlí agus Rialála | Coiste Oibríochtaí | Táillí 2022 € | Costais 2022** € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 10 | 4 | 2 | 4 | 1 | | |
| Eddie Lewis | 10 | - | - | - | 1 | 8,978 | - |
| Séamus Neely | 10 | - | 2 | 4 | - | 5,985 | 376 |
| Eileen Gleeson | 9 | 4 | - | - | - | 5,985 | - |
| Geraldine Hynes | 9 | - | - | 3 | 1 | 5,985 | - |
| Jillian Mahon | 10 | 4 | - | - | - | 5,985 | - |
| John McCarthy | 10 | 4 | - | - | - | 5,985 | - |
| Oonagh Breen* | 10 | 2 | 2 | - | - | - | - |
| Michael Cameron (RA)* | 6 | - | - | 4 | 1 | - | 213 |
| Orla Coyne | 7 | - | 1 | 4 | - | 5,985 | - |
| | | | | | | **44,888** | **589** |

*Bhí beirt chomhaltaí, Oonagh Breen agus Michael Cameron (RA), nach bhfuair táillí an Rialtóra faoi phrionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin.

** Tabhaíodh costais fruilithe seomra dar luach €2,122 le haghaidh cruinnithe boird chomh maith leis na costais thuas.

## Príomhathruithe Pearsanra

Ceapadh comhalta amháin breise ar an bhfoireann bainistíochta sinsearaí (Ceann Dlí) ar an 23 Meitheamh 2022.

## Nochtadh a Éilítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Rialtóir freagrach as a chinntiú gur chomhlíon ÚRCTC ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilítear na nithe seo a leanas a nochtadh faoin gCód:

## Sochair Ghearrthéarmacha Fostaí

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe os cionn €60,000 a rangú sna bandaí seo a leanas:

| Raon shochair iomlána na bhfostaithe<br>Ó Go dTí | Líon na bhFostaithe<br>2022 | Líon na bhFostaithe<br>2021 * |
|---|---|---|
| €60,000 - €69,999 | - | 1 |
| €70,000 - €79,999 | 2 | - |
| €80,000 - €89,999 | 1 | - |
| €90,000 - €99,999 | - | 1 |
| €100,000 - €109,999 | 1 | - |

*Don tréimhse ón dáta bunaithe ar an 1 Feabhra 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021. Bhí an bheirt chomhaltaí foirne laistigh de na bandaí tuarastail a aithníodh thuas ar conradh mar fhoireann ÚRCTC amhail ar an 1 Feabhra 2021.

Tabhair do d'aire: Chun críocha an nochta seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a soláthraíodh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra. Ní bhfuair fostaithe liúntais ragoibre ná aon íocaíochtaí eile.

## Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear le costais sainchomhairleoireachta an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach ar an lucht bainistíochta agus ní áirítear leo feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách'.

| | 12 mhí<br>2022<br>€'000 | 11 mhí<br>2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| Comhairle dlí | 66 | 14 |
| Pinsin | 8 | 6 |
| Táillí gairmiúla | 8 | 2 |
| Comhairle soláthair | 9 | - |
| Costais iomlána sainchomhairleoireachta | 91 | 22 |
| | | |
| Costais sainchomhairleoireachta chaipitlithe | - | - |
| Gearrfar na costais sainchomhairleoireachta ar Chúlchistí Ioncaim agus Caiteachais agus ar na Cúlchistí Ioncaim Choimeádta | 91 | 22 |
| Iomlán | 91 | 22 |

## Costais Dlí agus Socruithe

Ní raibh aon chaiteachas sa tréimhse thuairiscithe maidir le costais dlí, socruithe agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear leis seo caiteachas a tabhaíodh i ndáil le comhairle dlí ghinearálta a fuair ÚRCTC a nochtar sna costais Sainchomhairleoireachta thuas.

## Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Rangaítear caiteachas taistil agus cothaithe mar seo a leanas:

| | 12 mhí 2022 €'000 | 11 mhí 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Bord | | |
| - Inmheánach | 1 | - |
| - Idirnáisiúnta | - | - |
| Foireann | | |
| - Inmheánach | 2 | - |
| - Idirnáisiúnta | - | - |
| Iomlán | **3** | **-** |

## Caiteachais Fáilteachais

I rith 2022, níor thabhaigh ÚRCTC aon speansas fáilteachais (2021: nialas).

# RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL AN RIALÁLAÍ

## Ráiteas um Chomhlíonadh

Tá an Rialtóir freagrach as a chinntiú gur chomhlíon ÚRCTC ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Chomhlíon ÚRCTC an Cód le linn na tréimhse tuairiscithe.

**Eddie Lewis**
**Cathaoirleach**

**Susanna Lyons**
**Príomhfheidhmeannach**

**Dáta: An 24 Bealtaine 2023**

# RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH

## Scóip na Freagrachta

Bunaíodh an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (ÚRCTC) de réir Acht na dTithe (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil), 2019. Déanaim, mar Chathaoirleach an Rialtóra an ráiteas seo de réir an cheanglais atá leagtha amach i gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus admhaím go bhfuil an Rialtóir freagrach as an gcóras um Rialú Inmheánach. . D'fhág an Rialtóir an fhreagracht faoin bPríomhfheidhmeannach as déileáil le saincheisteanna bainistíochta agus oibriúcháin agus as tuairisciú don Rialtóir go rialta.

## Aidhm an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá an córas um rialú inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú chun go mbeidh sé ag leibhéal measartha seachas deireadh a chur leis. Ní féidir leis an gcóras, dá bhrí sin, ach ráthaíocht réasúnach seachas cinnteacht iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus go dtaifeadtar iad i gceart, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí a chosc nó go mbraitear iad ar bhonn tráthúil.

Tá córas um rialú inmheánach, atá ag teacht leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) bunaithe ag an Rialtóir don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2022.

## Seirbhísí Comhroinnte

Nuair a bunaíodh ÚRCTC ar an 1 Feabhra 2021, chruthaigh sé socrú eatramhach leis an nGníomhaireacht Tithíochta chun a cuntasaíocht airgeadais, párolla, bainistíocht Acmhainní Daonna (AD), Teicneolaíocht Faisnéise (TFC) agus bainistíocht saoráidí a bhainistiú le linn na céime tosaithe i bhfoirm Comhaontú Seirbhíse sínithe. Cuireadh deireadh leis na seirbhísí seo le linn 2022 – cuntasaíocht airgeadais agus párolla i bhFeabhra 2022; Acmhainní Daonna i mí an Mheithimh 2022; agus gach seirbhís eile i mí na Nollag 2022.

## A. Timpeallacht um Rialú Airgeadais

Bhí an Ghníomhaireacht Tithíochta faoin gComhaontú ar Leibhéal Seirbhíse freagrach as gach íocaíocht a phróiseáil, lena n-áirítear párolla, cothabháil mórleabhair ghinearálta, soláthar cuntas míosúil bainistíochta agus gach tuairisceán ábhartha don tréimhse go dtí an 31 Eanáir 2022, thar ceann ÚRCTC. I mí Feabhra 2022, ghlac foireann ÚRCTC seilbh ar na feidhmeanna sin agus rinne siad bainistiú ar an ngníomhaíocht airgeadais ar fad lena n-áirítear párolla. I ndiaidh chreat-phróiseas soláthair na hOifige um Sholáthar Rialtais, cheap ÚRCTC soláthraí seachtrach chun gach seirbhís cuntasaíochta agus párolla a sholáthar lena n-áirítear gach tuairisceán ábhartha. Rinneadh an t-aistriú chuig an soláthraí seachtrach le linn na tréimhse Iúil/Lúnasa 2022.

Léirigh ÚRCTC na hathruithe ar phróisis agus ar fhreagrachtaí le linn 2022 ina Lámhleabhar um Beartais agus Nósanna Imeachta Airgeadais maidir le gach idirbheart ioncaim agus caiteachais a bhaineann le ÚRCTC a cheadú, a ndearna foireann bainistíochta sinsearaí ÚRCTC iad a athbhreithniú agus a fhaomhadh.

## B. Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide

Lean ÚRCTC de leas a bhaint as seirbhísí tacaíochta Teicneolaíochta Faisnéise na Gníomhaireachta Tithíochta faoin gComhaontú ar Leibhéal Seirbhíse i rith 2022, lena n-áirítear meicníochtaí slándála chun inniúlacht Teicneolaíochta Faisnéise, réitigh teicneolaíochta faisnéise agus tacaíochtaí a chinntiú d'fhonn feidhmeanna ÚRCTC a chumasú. Chuir ÚRCTC deireadh lena dtionóntacht leis an nGníomhaireacht Tithíochta ag deireadh mhí na Nollag 2022.

## Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Tá córas um Rialú Inmheánach ÚRCTC bunaithe ar chreat maidir le faisnéis bhainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear leis, go háirithe:

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a ndéanann an fhoireann bainistíochta sinsearaí athbhreithniú rialta air.
- Athbhreithnithe rialta ón bhfoireann bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla.
- Córas bainistíochta riosca atá oiriúnach don fheidhm.

- Rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail cuí.
- Fócas cuí ar dhea-chleachtas i soláthar agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha go léir a chinntiú.
- Bunaíodh Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca de chuid an Rialtóra le téarmaí tagartha soiléire. Sceideal rialta maidir le cruinnithe de chuid an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca inar cuireadh tuairiscí nuashonraithe rialta ar chaiteachas ar fáil do chomhaltaí. Ardaítear aon cheisteanna leis an Rialtóir.
- Freagrachtaí bainistíochta atá sannta go soiléir, agus cuntasacht chomhfhreagrach atá doiciméadaithe sa Lámhleabhar um Beartais agus Nósanna Imeachta Airgeadais.
- Iniúchadh inmheánach bliantúil ar rialuithe agus nósanna imeachta inmheánacha

## Acmhainneacht chun Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca ag ÚRCTC ar a bhfuil ceathrar comhaltaí den Rialtóir. Tháinig an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca le chéile ceithre huaire sa tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2022.

Cheap ÚRCTC feidhm iniúchta inmheánaigh trí phróiseas soláthair. Ceapadh an soláthraí seachfhoinsithe i mí Lúnasa 2022. Cheadaigh an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca cairt iniúchta agus straitéis iniúchta inmheánaigh (2022 -2026) i mí Dheireadh Fómhair 2022. Rinneadh an chéad iniúchadh inmheánach a chlúdaigh athbhreithniú ar an gcóras rialuithe inmheánacha i mí na Samhna 2022.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir ÚRCTC córas bainistíochta riosca i bhfeidhm a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, sa mhéid agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú. Tá clár rioscaí i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí atá roimh ÚRCTC agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheasúnú agus a chur in ord tosaíochta. Déanann an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Bíonn riosca ina mhír sheasta ar an gclár oibre ag cruinnithe an Rialtóra freisin. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí agus freagracht as feidhmiú na rialuithe a shanntar do bhaill foirne ar leith a mhaolú .

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ann ina bhfuil na tosca seo a leanas i bhfeidhm:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a ndéanann an fhoireann bainistíochta shinsearaí athbhreithniú rialta air.
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú, agus
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe inmheánaigh. Cuirtear easnaimh rialaithe, nuair a bhraitear iad, in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí, nuair is cuí, ar bhealach tráthúil.

Deimhním gur aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus go bhfuil próisis curtha chun feidhme chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus déantar tuairisciú ar aon easnaimh a aithníodh.

## Soláthar

D'fhorbair ÚRCTC nósanna imeachta chun cloí leis na rialacha agus na treoirlínte reatha soláthair mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

## Fadhbanna maidir le Rialú Inmheánach

Níor aithníodh aon laigí sna rialuithe inmheánacha i dtaca le 2022 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

## Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Tá nósanna imeachta bunaithe ag ÚRCTC i dtaobh bainistíocht riosca agus rialuithe inmheánacha.

Deimhnímid go ndearna ÚRCTC athbhreithniú ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2022. Tá ÚRCTC muiníneach ar bhonn réasúnach go bhfuil an córas um Rialú Inmheánach a forbraíodh agus a cuireadh chun feidhme don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2022 éifeachtach.

Le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022, tugann an méid seo a leanas eolas don Rialtóir maidir le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh: -

**a.** obair na n-iniúchóirí seachtracha;

**b.** obair an iniúchta inmheánaigh;

**c.** obair an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca; agus

**d.** an fhoireann bainistíochta sinsearaí atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothú.

| | |
|---|---|
| **Eddie Lewis**<br>**Cathaoirleach** | **Susanna Lyons**<br>**Príomhfheidhmeannach** |

**Dáta: An 24 Bealtaine 2023**

# RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM CHOIMEÁDTA

## DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2022

| | Nótaí | 2022 €'000 | 11 mhí 2021 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais an Oireachtais | 2 | 2,189 | 1,050 |
| Maoiniú sochair scoir iarchurtha | 14 | 258 | 102 |
| Ioncam Iomlán | | **2,447** | **1,152** |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais na mBall Foirne | 3 | 1,299 | 672 |
| Seirbhísí Comhroinnte | 4 | 89 | 132 |
| Táillí agus Costais Rialachais | 5 | 48 | 41 |
| Teicneolaíocht Faisnéise | 6 | 117 | 49 |
| Táillí Gairmiúla | 7 | 172 | 52 |
| Cumarsáid | 8 | 16 | 14 |
| Costais oifige agus eile | 9 | 195 | 25 |
| Costais Sochair Scoir | 14 | 258 | 102 |
| Caiteachas Iomlán | | **2,194** | **1,087** |
| | | | |
| **Barrachas don tréimhse roimh leithreasaí** | | **253** | **65** |
| Aistrithe ón/(chuig an) gCuntas Caipitil | | 2 | (2) |
| **Barrachas don tréimhse i ndiaidh leithreasaí** | | **255** | **63** |
| | | | |
| Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhail ar an 1 Eanáir | | 63 | - |
| **Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhail ar an 31 Nollaig** | | **318** | **63** |

Baineann gach ioncam agus caiteachas don tréimhse le gníomhaíochtaí leanúnacha ar an dáta tuairiscithe. Cuimsítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta gach gnóthachan agus caillteanas a aithníodh sa bhliain.

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 20 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

**Eddie Lewis**
**Cathaoirleach**

**Susanna Lyons**
**Príomhfheidhmeannach**

**Dáta: An 24 Bealtaine 2023**

# RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH

## DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2022

| | 2022<br>€'000 | 11 mhí<br>2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| **BARRACHAS/ (EASNAMH) DON BHLIAIN AIRGEADAIS** | 255 | 63 |
| (Caillteanais)/gnóthachain ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir | (57) | - |
| | | |
| Athruithe ar thoimhdí atá mar bhonn le luach reatha na n-oibleagáidí sochair scoir | 195 | - |
| Gnóthachain / (caillteanais) iomlána achtúireacha in aghaidh na bliana | 138 | - |
| | | |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha | (138) | - |
| **Ioncam Cuimsitheach Iomlán don bhliain** | **255** | **63** |

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 20 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

**Eddie Lewis**
**Cathaoirleach**

**Susanna Lyons**
**Príomhfheidhmeannach**

**Dáta: An 24 Bealtaine 2023**

# RÁITEAS MAIDIR LEIS AN STAID AIRGEADAIS

## AMHAIL AR AN 31 NOLLAIG 2022

| | Nótaí | 31 Nollaig 2022 €'000 | 31 Nollaig 2021 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Neamhreatha** | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 10 | - | 2 |
| | | | |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Infháltais | 11 | 104 | 9 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 12 | 371 | 208 |
| | | 475 | 217 |
| | | | |
| **Dliteanais reatha (Suimeanna ag titim atá dlite laistigh de bhliain amháin)** | | | |
| Suimeanna iníoctha | 13 | 157 | 154 |
| | | | |
| Glansócmhainní Reatha | | 318 | 63 |
| | | | |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha** | | 318 | 65 |
| | | | |
| **Sochair Scoir** | | | |
| Oibleagáidí sochair scoir | 14 | (222) | (102) |
| Sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha | 14 | 222 | 102 |
| | | - | - |
| | | | |
| **Glansócmhainní** | | **318** | **65** |
| **Ag léiriú** | | | |
| Cúlchistí Coimeádta Ioncaim | | 318 | 63 |
| Cuntas Caipitil | 15 | - | 2 |
| | | **318** | **65** |

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 20 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

**Eddie Lewis**
**Cathaoirleach**

**Susanna Lyons**
**Príomhfheidhmeannach**

**Dáta: An 24 Bealtaine 2023**

# RÁITEAS AR SHREAFAÍ AIRGEADAIS

## DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2022

| | Nótaí | 2022<br>€'000 | 11 mhí<br>2021<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Glan-sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | | |
| Barrachas don tréimhse | | 253 | 65 |
| Muirear dímheasa | 10 | - | - |
| (Méadú) ar Infháltais | 11 | (95) | (9) |
| (Laghdú)/Méadú ar Shuimeanna Iníoctha | 13 | 3 | 154 |
| **Glan-sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **161** | **210** |
| | | | |
| **Sreafaí Airgid ó ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | | |
| Aistrithe (chuig an)/ón gcuntas caipitil | | 2 | - |
| Íocaíochtaí chun maoin, gléasra agus trealamh a cheannach | | - | (2) |
| **Glan-Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | **2** | **(2)** |
| | | | |
| **Méadú / (laghdú) ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim** | | **163** | **208** |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na tréimhse | | 208 | - |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na tréimhse | | **371** | **208** |

# NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2022

## 1. Beartais Cuntasaíochta

Tá bunús na cuntasaíochta agus na mbeartas suntasach cuntasaíochta ar ghlac ÚRCTC leo leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad le linn na tréimhse.

### a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (ÚRCTC) an 1 Feabhra 2021. Is é an ról atá ag an ÚRCTC ná maoirseacht a dhéanamh ar rialachas éifeachtach, ar bhainistíocht airgeadais agus ar fheidhmíocht na gComhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) go léir. Tá a phríomhoifig suite ar an 4ú hUrlár, Teach Grattan, 67-72 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2. Tá ÚRCTC ina Eintiteas Tairbhe Phoiblí

### b) Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh Ráitis Airgeadais ÚRCTC don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2022 i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme, agus le FRS 102, an caighdeán um thuairisciú airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC) sa Ríocht Aontaithe.

### c) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus comhlíonann siad caighdeáin tuairiscithe airgeadais na Comhairle um Thuairisciú Airgeadais, ach amháin mar a léirítear i nDeontais an Oireachtais thíos. Tá na Ráitis Airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais in Euro arb é airgeadra feidhmiúil ÚRCTC é.

Tá na Ráitis Airgeadais ullmhaithe don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022. Baineann na figiúirí comparáideacha leis an tréimhse 11 mhí ón dáta bunaithe ar an 1 Feabhra go dtí an 31 Nollaig 2021.

### d) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Chriticiúla

Éilíonn ullmhú na ráiteas airgeadais ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a mbíonn tionchar acu ar na suimeanna a thuairiscítear do shócmhainní agus dliteanais ar dháta an ráitis ar an staid airgeadais agus ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh ioncam costas i rith na bliana. Mar sin féin, ciallaíonn cineál an mheastacháin go bhféadfadh na torthaí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Bhí an tionchar ba shuntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar shuimeanna a aithníodh sna ráitis airgeadais.

**Dímheas agus Luachanna Iarmharacha**

Déanann na Stiúrthóirí athbhreithniú ar shaolréanna sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara na n-aicmí sócmhainní seasta go léir chun a dhearbhú go bhfuil saolré na sócmhainne, agus na luachanna iarmharacha oiriúnach.

**Oibleagáidí Sochair Scoir**

Déantar na toimhdí atá mar bhonn leis na luachálacha achtúireacha dá gcinntear na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí ardaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus rátaí treochta costas cúram sláinte) ar bhonn bliantúil bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha, agus ar aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iar-scoir.

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas tionchar a imirt ar na toimhdí:

**(i)** an ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta; agus

**(ii)** leibhéil chúitimh sa todhchaí agus dálaí mhargadh an tsaothair amach anseo

## e) Deontais an Oireachtais

Léiríonn ioncam a aithnítear sna Ráitis Airgeadais faoi Dheontais maoiniú a cuireadh ar fáil do ÚRCTC trí Vóta na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

## f) Maoin, Gléasra agus Trealamh

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag a gcostas stairiúil lúide dímheas carntha. Gearrtar an dímheas ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta de réir méid cothrom, ag na rátaí atá leagtha amach thíos, chun na sócmhainní a dhíscríobh, arna gcoigeartú do luach iarmharach, thar a shaolréanna úsáideacha ionchais mar seo a leanas: -

| | |
|---|---|
| Trealamh, Feistithe agus Trealamh | 12.5% |
| Trealamh TF | 25% |

Déantar luach iarmharach agus saolréanna úsáideacha sócmhainní seasta a mheas go bliantúil le haghaidh táscairí a bhféadfadh athrú a dhéanamh orthu. I gcás ina bhfuil táscairí den sórt sin ann, déanfar athbhreithniú ar an luach iarmharach, ar an modh dímheasa agus ar shaolréanna úsáideacha, agus leasófar iad sin más gá. Tugtar cuntas ionchasach ar athruithe ar rátaí dímheasa a eascraíonn as an athbhreithniú seo thar shaolréanna úsáideacha na sócmhainní.

Ghlac ÚRCTC le Ciorclán 21/2020: Méadú ar an Tairseach Luacha chun Sócmhainní a Chuimsiú sa Chlár Sócmhainní agus tá tairseach caipitlithe dar luach €10,000 curtha chun feidhme sa bhliain reatha agus go cúlghabhálach.

## g) Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil luach neamh-amúchta an mhaoinithe a cuireadh chun feidhme d'fhonn sócmhainní seasta a cheannach.

## h) Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim

Léiríonn taisce le hinstitiúid airgeadais airgead tirim.

## i) Airgeadraí Eachtracha

Aistrítear idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go euro agus déantar iad a thaifeadadh ag an ráta malairte atá i bhfeidhm ar dháta na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go euro ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe nó ag rátaí conartha réamhcheannaigh nuair is ann do na conarthaí sin.

## j) Sochair Fostaithe

### Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san fhigiúr Iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

### Sochair Scoir

Feidhmíonn ÚRCTC Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair (Scéim Aonair). Tá gach ball foirne ina gcomhalta den Scéim Aonair de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Déanann an Scéim Aonair foráil ar phinsin sochair atá sainithe de réir innéacs-nasctha praghsanna do thomhaltóirí bunaithe ar mheánphá gairme. Déanann ÚRCTC na hasbhaintí riachtanacha ó thuarastail na gcomhaltaí foirne atá mar chuid den scéim agus aistrítear ranníocaíochtaí fostaithe chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar bhonn míosúil de réir fhorálacha na Scéime.

## k) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas de réir méid cothrom thar thréimhse an léasa. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar shaolré an léasa.

## 2. Deontais an Oireachtais

| | 2022<br>€'000 | 11 mhí<br>2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta – Vóta 34 – Fotheideal A.26 | 2,189 | 1,050 |
| | **2,189** | **1,050** |

Cuimsítear le figiúr deontais an Oireachtais do 2021 an tsuim a gearradh ar Fhotheideal A.26 in 2021 ó bunaíodh ÚRCTC ar an 1 Feabhra 2021. Ní áirítear leis idirbhearta a tabhaíodh maidir le réamh-bhunú ÚRCTC idir an 1 Eanáir 2021 agus an 31 Eanáir 2021 a maoiníodh ó Vóta na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, trí fhotheideal A.23. Léirítear na costais réamhbhunaithe i ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Tithíochta mar a shonraítear thíos:

| Costais réamhbhunaithe arna dtabhú ag an nGníomhaireacht Tithíochta 2021 | 11 mhí<br>2021<br>€'000 |
|---|---|
| Pá agus tuarastail (lena n-áirítear ÁSPC) | 20 |
| Costais Deartha | 12 |
| **Iomlán** | **32** |

## 3. Costais na mBall Foirne

| | 2022<br>€'000 | 11 mhí<br>2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| Pá agus Tuarastail | 1,057 | 542 |
| ÁSPC Fostóirí | 115 | 59 |
| Oibrithe ar iasacht | 115 | 53 |
| Conraitheoirí | 9 | 18 |
| Taisteal agus Cothú – Foireann | 2 | - |
| Costais Eile na Foirne | 1 | - |
| **Pá agus Tuarastail Iomlána** | **1,299** | **672** |

Asbhaineadh an Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (RAB) de réir riachtanais reachtúla. D'asbhain ÚRCTC €12,163 (2021: €3,919) de Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais in 2022 agus choimeád an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta é. Roimh an 12 Iúil 2022, rinne an Ghníomhaireacht Tithíochta asbhaintí RAB.

### a) Líon na bhFostaithe

Ba é an líon foirne, lena n-áirítear oibrithe ar iasacht agus gan foireann gníomhaireachta san áireamh, ag deireadh na tréimhse (coibhéis lánaimseartha) ná 20 (2021: 19).

### b) Costais na Foirne agus Eolas Fostaithe

Nochtar miondealú ar shochair fostaithe faoi "Shochair Ghearrthéarmacha d'Fhostaithe" sa Ráiteas Rialachais agus i dTuarascáil Chomhaltaí an Rialtóra.

### c) Sochair Foirceanta

Níor íocadh aon sochair foirceanta le linn na tréimhse.

### d) Luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

Seo a leanas luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh, ar ar ceapadh an 1 Feabhra 2021:

| | 2022 €'000 | 11 mhí 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Príomhfheidhmeannach | 110 | 91 |
| | **110** | **91** |

Ní bhfuair an Príomhfheidhmeannach aon íocaíochtaí a bhain le feidhmíocht nó aon sochar comhchineáil eile le linn na tréimhse. Ní théann teidlíochtaí pinsin na bPríomhfheidhmeannach thar na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim eiseamláireach aoisliúntais sochair atá sainithe de réir na hearnála poiblí.

## 4. Seirbhísí Comhroinnte

| | 2022 €'000 | 11 mhí 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Saoráidí | 52 | 32 |
| Teicneolaíocht Faisnéise lena n-áirítear trealamh | 23 | 43 |
| Acmhainní Daonna | 9 | 28 |
| Airgeadas agus párolla | 2 | 24 |
| Riarachán | 3 | 5 |
| **Costais Iomlána na Seirbhísí Comhroinnte** | **89** | **132** |

Chuir an Ghníomhaireacht Tithíochta roinnt seirbhísí ar fáil do ÚRCTC, laistigh dá bonneagair riaracháin le linn 2021 agus 2022. Cuireadh deireadh leis na seirbhísí seo ar bhonn céimnithe le linn 2022. Leagadh amach na seirbhísí a soláthraíodh i gcomhaontú seirbhíse idir an dá pháirtí lenar áiríodh: Bainistíocht Airgeadais, Teicneolaíocht Faisnéise, Cíos agus Saoráidí, Acmhainní Daonna agus Tacaíocht Riaracháin Ghinearálta.

## 5. Táillí agus Costais Rialachais

| | 2022 €'000 | 11 mhí 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Táillí Comhalta an Rialtóra | 45 | 41 |
| Costais Chruinnithe an Rialtóra | 2 | - |
| Costais Taistil Chomhalta an Rialtóra | 1 | - |
| **Táillí agus Costais Rialachais Iomlána** | **48** | **41** |

### a) Costais Rialtóra de réir Comhalta

| | 2022 €'000 | 11 mhí 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Eddie Lewis | 9 | 8 |
| Séamus Neely | 6 | 6 |
| Eileen Gleeson | 6 | 6 |
| Geraldine Hynes | 6 | 6 |
| Jillian Mahon | 6 | 5 |
| John McCarthy | 6 | 5 |
| Oonagh Breen | - | - |
| Michael Cameron (RA) | - | - |
| Orla Coyne | 6 | 5 |
| | **45** | **41** |

## 6. Teicneolaíocht Faisnéise

| | 2022 €'000 | 11 mhí 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Ceadúnais bogearraí | 46 | 18 |
| Cothabháil & Forbairt Suímh Gréasáin | 4 | 15 |
| Forbairt TF Eile | 34 | 14 |
| Seirbhísí TF lena n-áirítear Costais Leathanbhanda agus Fóin Póca | 10 | - |
| Trealamh TF | 23 | 2 |
| | **117** | **49** |

## 7. Táillí Gairmiúla

| | 2022 €'000 | 11 mhí 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Seirbhísí Cuntasaíochta Airgeadais | 27 | 16 |
| Iniúchadh | 14 | 14 |
| Iniúchóireacht Inmheánach | 11 | - |
| Gnóthaí Dlí | 66 | 14 |
| Pinsean | 8 | 6 |
| Acmhainní Daonna Seachfhoinsithe | 17 | - |
| Sainchomhairleoirí | 29 | 2 |
| | **172** | **52** |

## 8. Cumarsáid

| | 2022 €'000 | 11 mhí 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Dearadh agus priontáil | 9 | 14 |
| Táillí Comhdhála | 4 | - |
| Costais Cruinnithe | 3 | - |
| | **16** | **14** |

## 9. Costais Oifige agus Costais Eile

| | 2022 €'000 | 11 mhí 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Ballraíocht/síntiúis | 9 | 9 |
| Muirir Seirbhíse agus Cíosa | 28 | - |
| Oifig lena n-áirítear postas agus stáiseanóireacht | 5 | 9 |
| Oiliúint | 18 | 6 |
| Trealamh Oifige* | 68 | - |
| Cothabháil Oifige* | 63 | - |
| Nithe eile lena n-áirítear ús bainc & táillí, seirbhísí aistriúcháin | 4 | 1 |
| | **195** | **25** |

*Áiríodh leis an trealamh oifige agus leis an gcothabháil oifige troscán, trealamh ceaintín, cáblaí, péinteáil agus mionoibreacha ar chostais aonuaire iad a bhain le hathlonnú ÚRCTC chuig a oifig nua.

## 10. Sócmhainní Seasta

| Maoin, Gléasra agus Trealamh | Trealamh, Feistithe agus Trealamh €'000 | Trealamh TF €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| Amhail an 01 Eanáir 2022 | 2 | - | 2 |
| Breiseanna don tréimhse | - | - | - |
| Diúscairtí | - | - | - |
| Coigeartuithe* | (2) | - | (2) |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | - | - | - |
| | | | |
| **Dímheas Carnach** | | | |
| Amhail an 01 Eanáir 2022 | - | - | - |
| Muirear dímheasa don tréimhse | - | - | - |
| Diúscairtí | - | - | - |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | - | - | - |
| | | | |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2022** | **-** | **-** | **-** |
| | | | |
| **Amhail an 01 Eanáir 2022** | **2** | **-** | **2** |

* Baineann na coigeartuithe seo le hearraí aonair le luachanna faoi bhun €10,000 a bhaint den chlár sócmhainní de réir Chiorclán 21/2020: Méadú ar an Tairseach Luacha chun Sócmhainní a Chuimsiú sa Chlár Sócmhainní.

## 11. Infháltais

| | 31 Nollaig 2022 €'000 | 31 Nollaig 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Réamhíocaíochtaí | 104 | 9 |
| | **104** | **9** |

Tá gach infháltas dlite laistigh de bhliain amháin.

## 12. Airgead Tirim agus Coibhéis Airgid Thirim

| | 31 Nollaig 2022 €'000 | 31 Nollaig 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Airgead tirim ag an mbanc | 371 | 208 |
| | **371** | **208** |

## 13. Suimeanna iníoctha

| | 2022 €'000 | 11 mhí 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Suimeanna ag titim atá dlite laistigh de bhliain amháin: | | |
| Creidiúnaithe a bhaineann le pá | 44 | 40 |
| Fabhruithe | 99 | 98 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 4 | 2 |
| CBL | 2 | - |
| Cárta Creidmheasa | 1 | - |
| Creidiúnaithe Trádála | 7 | 14 |
| | **157** | **154** |

## 14. Costais Sochair Scoir

### i. Soláthar Foirne ÚRCTC

Tá gach comhalta foirne atá fostaithe ag ÚRCTC ina gcomhaltaí den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Aistrítear asbhaintí ó thuarastail na foirne chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar bhonn míosúil de réir an Achta.

### ii. Anailís ar na costais sochair scoir go léir a gearradh ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta

| | 2022 €'000 | 11 mhí 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Costas seirbhíse reatha | 206 | 83 |
| Ús ar dhliteanais scéime sochair scoir | 1 | - |
| Ranníocaíochtaí rannpháirtithe | 51 | 19 |
| Na costais a ghearrtar ar an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim choimeádta | **258** | **102** |

## iii. Gluaiseacht i nglan-oibleagáidí sochair scoir le linn na bliana airgeadais

| | 2022 €'000 | 11 mhí 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Glan-oibleagáid sochair scoir ag tús na tréimhse | 102 | - |
| Costais seirbhíse reatha | 206 | 83 |
| Ranníocaíochtaí Fostaithe | 51 | 19 |
| Costais úis | 1 | - |
| Sochair a íocadh sa tréimhse | - | - |
| Seirbhís san am atá thart (gnóthachan) / caillteanas | - | - |
| Caillteanas / (gnóthachan) ó thaithí ar dhliteanais | 57 | - |
| Athruithe ar thoimhdí achtúireacha | (195) | - |
| Glan-oibleagáid sochair scoir amhail ar an 31 Nollaig | **222** | **102** |

## iv. Sócmhainn maoinithe iarchurtha do shochair scoir

Aithníonn ÚRCTC suimeanna atá dlite ón Stát don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh sochair scoir ar bhonn na sraithe toimhdí a gcuirtear síos orthu thuas agus roinnt teagmhas san am atá thart. Áirítear leis na teagmhais seo an bonn reachtúil do bhunú na scéime sochair scoir, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag ÚRCTC nach leanfar ar aghaidh leis an mbeartas maoinithe seo chun díol as suimeanna den sórt sin de réir an chleachtais reatha.

Seo a leanas an glanmhaoiniú iarchurtha maidir le sochair scoir a aithnítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta:

| | 31 Nollaig 2022 €'000 | 31 Nollaig 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Maoiniú in-aisghabhála maidir le costais sochair scoir na bliana reatha | 258 | 102 |
| | **258** | **102** |

B'ionann na dliteanais maoinithe iarchurtha le haghaidh sochar scoir amhail ar an 31 Nollaig 2022 agus €222,000 (2021: €102,000).

## v. Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Oibleagáidí sochair shainithe | 222 | 102 |
| Caillteanais/(gnóthachain) ó thaithí ar dhliteanais scéime sochair shainithe | 57 | - |

## vi. Cur síos ar an scéim

### Scéim Aonair

Is í an Scéim Aonair an scéim pinsean ceirde do sheirbhísigh phoiblí a fostaíodh ó 2013 i leith. Is scéim shochair shainithe í, le sochair scoir bunaithe ar mheánphá gairme. Gineann an scéim creidmheasanna pinsin agus creidmheasanna cnapshuime scoir do gach ball den scéim. Fabhraíonn na creidmheasanna airgid seo, ar a dtugtar "suimeanna inchurtha", mar chéatadáin pá ar bhonn leanúnach. Déantar na suimeanna inchurtha fabhraithe gach bliain a athluacháil go bliantúil go dtí am scoir de réir méaduithe boilscithe (Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí). Is é an pinsean bliantúil a dhámhtar ar scor ná iomlán carnach suimeanna inchurtha pinsin an chomhalta scéime, agus is é an chnapshuim scoir a dhámhtar, ar an mbealach céanna, iomlán suimeanna inchurtha cnapshuime an chomhalta scéime.

### Luacháil

Tá an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtuithe FRS 102 bunaithe ar luacháil iomlán achtúireach a rinne achtúire neamhspleách cáilithe inar cuireadh riachtanais an FRS san áireamh chun dliteanais na scéime amhail ar an 31 Nollaig 2022 a mheas.

Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha a úsáideadh chun comhpháirteanna an chostais sochair shainithe agus na n-oibleagáidí don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022 a ríomh:

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | 3.60% | 1.10% |
| Ráta boilscithe | 2.40% | 1.90% |
| Méaduithe tuarastail | 3.40% | 2.90% |
| Méaduithe pinsin | 2.40% | 1.90% |

Ceadaíonn an bonn mortlaíochta a nglactar leis feabhsuithe ar ionchas saoil le himeacht ama, ionas go mbeidh ionchas saoil ag am scoir ag brath ar an mbliain a mbaineann comhalta aois scoir (65 bliain d'aois) amach. Tá líon na gcomhaltaí sa Scéim agus líon na mbásanna róbheag chun aon mheastacháin a bhaineann go sonrach leis an Scéim a anailísiú agus a sholáthar ar leibhéil mhortlaíochta sa todhchaí. Is iad seo a leanas an meán-ionchas saoil sa todhchaí de réir na dtáblaí mortlaíochta a úsáideadh chun na dliteanais phinsin a chinneadh:

| | 2022 Blianta | 2021 Blianta |
|---|---|---|
| Fear 65 bliain d'aois | 21.9 | 21.8 |
| Bean 65 bliain d'aois | 24.3 | 24.2 |

## 15. Cuntas Caipitil

| | Nótaí | 2022 €'000 | 11 mhí 2021 €'000 |
|---|---|---|---|
| Ag Tús na tréimhse | | 2 | - |
| | | | |
| **Aistriú ón / (chuig an) an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta** | | | |
| Maoiniú Sócmhainní Seasta | | - | 2 |
| An tsuim a scaoileadh ar dhiúscairt sócmhainní seasta | | - | - |
| Amúchadh de réir beartas dímheasa sócmhainní | | - | - |
| Coigeartú | 10 | **(2)** | **-** |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | | **-** | **2** |

## 16. Ceangaltais Léasa

Níl talamh agus foirgnimh faoi úinéireacht ÚRCTC. Tá ceangaltais ar ÚRCTC maidir le léas ar chóiríocht oifige ar an gCeathrú hUrlár, Teach Grattan, Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath. Coinnítear an léas seo ar feadh tréimhse 10 mbliana ar cuireadh tús leis in 2022. Tá clásal scoir seacht mbliana ann agus tá athbhreithniú cíosa ann i ndiaidh cúig bliana.

Leagann ÚRCTC amach sa tábla thíos a cheangaltais mheasta maidir le híocaíochtaí bliantúla thar thréimhse an léasa:

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Iníoctha laistigh de bhliain amháin | 149 | - |
| Iníoctha laistigh de dhá bhliain go cúig bliana | 1,237 | - |
| Iníoctha os cionn cúig bliana | 1,520 | - |
| | **2,906** | **-** |

## 17. Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltas caipitil ann amhail ar an 31 Nollaig 2022

## 18. Idirbhearta/ Nochtadh Leasanna Páirtithe Gaolmhara

Cloíonn ÚRCTC leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasanna ón Rialtóir agus ó chomhaltaí/ó fhoireann ÚRCTC. Tá nósanna imeachta foirmiúla ann lena chinntiú go gcloítear le ceangaltais an Chóid. Níor tuairiscíodh aon idirbhearta páirtithe gaolmhara in 2022 (2021: Nialas).

Cuimsítear leis an bPríomhlucht Bainistíochta in ÚRCTC an Rialtóir, an Príomhfheidhmeannach, an Ceannasaí ar Rialachán Airgeadais, Rialachas agus Clárú, an Ceann Feidhmíochta agus Cumarsáide, an Ceann Dlí agus an Ceann Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha. Ba é an luach saothair iomlán a íocadh leis an bpríomhlucht bainistíochta in 2022 ná €384,072 (2021: 172,281). Tháinig méadú céimneach ar cheapacháin an phríomhphearsanra sa dara leath de 2021.

## 19. Teagmhais i ndiaidh Dháta an Chláir Chomhardaithe

Ní raibh aon teagmhas idir an dáta tuairiscithe agus dáta faofa na ráiteas airgeadais seo a éilíonn coigeartú ar na ráitis airgeadais.

## 20. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an rialtóir na Ráitis Airgeadais agus shínigh Cathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach an Rialtóra iad ar an 24 Bealtaine 2023.

## Nótaí:

## Nótaí:

An tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe

Approved Housing Bodies Regulatory Authority